European Asylum Support Office

# Clár oibre EASO

# 2015

Meán Fómhair 2014

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office

# Clár oibre EASO

# 2015

**Meán Fómhair 2014**

SUPPORT IS OUR MISSION

*Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.*

**Uimhir shaorghlao** (*):

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí teileafóin shoghluaiste rochtain ar uimhreacha 00800 nó d'fhéadfaí táille a ghearradh ar na glaonna sin.

Arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta an 22 Meán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

ISBN 978-92-9243-291-1
doi:10.2847/33776

© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn 2014

Níl EASO ná aon duine a ghníomhaíonn ar a shon freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá anseo istigh.

# Clár


**1 Misean, cúraimí agus tosaíochtaí EASO .......... 5**

1.1. Réamhrá .......... 5

1.2. Misean EASO .......... 6

1.3. Na cúraimí atá ar EASO .......... 6

1.4. Príomhtháscaire Feidhmíochta EASO .......... 6

1.5. Tosaíochtaí EASO don bhliain 2015 .......... 7

**2 Tacaíocht bhuan .......... 8**

2.1. Oiliúint EASO .......... 8

2.2. Tacaíocht cháilíochta .......... 10

2.3. Faisnéis na tíre tionscnaimh (COI) .......... 11

2.4. Cláir shonracha .......... 13

2.4.1. Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí .......... 13

2.4.2. Gníomhaíochtaí EASO maidir le leanaí .......... 14

2.4.3. Gáinneáil ar dhaoine .......... 15

2.5. Liosta EASO na dteangacha a bhfuil fáil orthu .......... 16

**3. Tacaíochta oibríochta .......... 17**

3.1. An Díorma um Idirghabháil Tearmainn .......... 17

3.2. Tacaíochta oibríochta .......... 18

3.3. Athlonnú .......... 20

3.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála .......... 21

3.5. Sineirgí idir an tearmann agus an imirce .......... 22

3.6. Glacadh agus comhtháthú .......... 23

**4 Tacaíocht faisnéise agus anailíse .......... 24**

4.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta .......... 24

4.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE .......... 25

4.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS) .......... 26

**5 Tacaíocht tríú tíre .......... 27**

5.1. An Ghné Sheachtrach .......... 27

5.2. Athshocrú .......... 29

**6 Creat agus líonra EASO agus an t-eagar atá air .......... 30**

6.1. An Bord Bainistíochta .......... 30

6.2. Líonra comhair EASO .......... 31

6.2.1. Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach .......... 32

6.2.2. Comhar leis an UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile .......... 32

6.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí CGB .......... 32

6.2.4. Comhar le lucht acadúil agus le comhaltaí binsí agus cúirteanna .......... 33

6.3. An Fóram Comhchomhairleach .......... 34

6.4. Cumarsáid .......... 35

6.5. Riarachán EASO ... 37

6.5.1. Forbhreathnú foirne agus buiséid EASO do 2015 ... 32

**Liosta giorrúchán ... 41**

**Iarscríbhinní... 43**

Liosta táscach EASO na gconarthaí poiblí agus na ngealltanas dlíthiúil in 2015 ... 43

Foilseacháin agus aistriúcháin EASO in 2015 ... 45

# 1. Misean, cúraimí agus tosaíochtaí EASO

## 1.1. Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá céimeanna tábhachtacha chun cinn tógtha maidir le forbairt an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) chun forbairt a dhéanamh ar na hionstraimí beartais, dlí, agus tacaíochta airgeadais i réimse an tearmainn.

In ionstraimí dlí dara céim AE, soláthraítear an bunús dlí le haghaidh comhchuibhiú níos fearr agus socraítear caighdeáin cháilíochta níos airde, lena n-áirithítear stádais aonfhoirmeacha, dea-choinníollacha cosanta coiteanna agus gnéithe coiteanna i measc nósanna imeachta tearmainn dóibh siúd a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu. Thairis sin, sna Treoirlínte Straitéiseacha le haghaidh breis forbartha ar réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile a ghlac an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2014, sainítear na tosaíochtaí agus na cuspóirí sa réimse sin, agus éilítear ról níos láidre don Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO), go háirithe maidir le feidhmiú comhleanúnach an *acquis* a chur chun cinn. Ina theannta sin, samhlaíonn Uachtarán nua an Choimisiúin Eorpaigh, sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile a cuireadh i láthair in Iúil 2014 ([1]), baint níos mó ag EASO le cuidiú le Ballstáit agus le húdaráis Tríú Tíortha. I gCumarsáidí na Comhairle, “An open and secure Europe: making it happen” [Eoraip atá oscailte agus slán: á cur ar bun] ([2]) agus “on the work of the Task Force Mediterranean” [ar an obair a dhéanann Tascfhórsa na Meánmhara] ([3]), sainaithnítear gníomhartha ábhartha i réimsí freagrachta EASO. Ar deireadh, soláthraíonn an Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-20 (MFF) nua, lena n-áirítear an Ciste nua um Thearmann, um Imirce agus um Chomhtháthú (AMIF), an bonn do thacaíocht airgeadais AE ar chúrsaí tearmainn, lena n-áirítear leithdháiltí chuig Gníomhaireachtaí de chuid AE.

Tá cur chun feidhme comhleanúnach, cuimsitheach agus comhsheasmhach ar phacáiste athmhúnlaithe AE maidir le tearmann ríthábhachtach maidir lena áirithiú go mbainfear amach CEAS ceart. Faoina chuimsiú sin, cuirtear de chúram ar EASO feidhmiú comhleanúnach a chur chun cinn agus tacú le cleachtais chomhchuibhithe a mbíonn cóineasú ó thaobh cinntí i gcásanna comhchosúla ina dtoradh orthu. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh EASO ar aghaidh in 2015 leis an ról lárnach atá aige maidir le tacú le Ballstáit agus le tíortha comhlacha atá páirteach in EASO ([4]), mar aon le hInstitiúidí AE, d’fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach trí ardbhearta comhair phraiticiúil, trí shaineolas, trí anailís choiteann agus trí ionchur beartais bunaithe ar fhianaise.

I ndáil leis sin, sainítear i ndréachtchlár oibre bliantúil EASO 2015 na pleananna ginearálta i gcomhair ghníomhaíochtaí EASO, agus soláthraítear ann an bonn foriomlán don phleanáil bhuiséadach bhliantúil bunaithe ar ghníomhaíochtaí. Tá dréachtchlár oibre EASO 2015 i gcomhréir leis an gcur chuige comhchoiteann ar Ghníomhaireachtaí díláraithe AE agus lena threochlár, ina n-éilítear cur chuige cuimsitheach maidir le pleanáil bhliantúil agus pleanáil ilbhliantúil a bhaineann le pleanáil acmhainní. Dá bhrí sin, tá an clár oibre seo dréachtaithe faoi chuimsiú an chreata ghinearálta a bhfuil breac-chuntas air i gclár oibre ilbhliantúil EASO 2014-16, ina gcuimsítear comhthéacs straitéiseach agus cuspóirí EASO don tréimhse sin. Déantar foráil sa cháipéis do na gníomhaíochtaí a bhfuil na meastacháin ioncaim agus chaiteachais agus an chairt foirne dréachtaithe ar a mbonn.

De réir Airteagal 29 (1) (f) den Rialachán EASO, ghlac an Bord Bainistíochta an clár oibre ar an 22 Meán Fómhair 2014. Tugadh aird chuí ar an tuairim ón gCoimisiún Eorpach, ar glacadh leis ar an 27 Lúnasa 2014.

I gcur chun feidhme chlár oibre 2015, glacfar san áireamh toradh na meastóireachta inmheánaí a rinne an Coimisiún Eorpach in 2013, mar aon leis an meastóireacht neamhspleách a dhéanfar sa tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2014 go dtí Deireadh Fómhair 2015. Is ríthábhachtach é an measúnú ar ghníomhaíochtaí EASO agus ar an tionchar a bhíonn acu agus a mbreisluach maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán EASO.

Mar sin féin, i bhfianaise chineál oibre EASO agus an gá freagairt ar bhealach tráthúil, réamhghníomhach do chásanna, cúinsí agus tosaíochtaí a bhíonn ag athrú, tugann an Bord Bainistíochta an t-údarás don Stiúrthóir Feidhmiúcháin athruithe ar chlár oibre 2015 a chinneadh agus an tsolúbthacht atá de dhíth a choinneáil chun freagairt mar is cuí agus an clár oibre á chur i bhfeidhm.

([1]) http://ec.europa.eu/about/juncker-commission/docs/pg_en.pdf

([2]) COM(2014) 154 críochnaitheach http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/e-library/documents/basic-documents/docs/an_open_and_secure_europe_-_making_it_happen_en.pdf

([3]) COM(2013) 869 críochnaitheach http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-is-new/news/news/docs/20131204_communication_on_the_work_of_the_task_force_mediterranean_en.pdf

([4]) Chun críche na cáipéise seo, tagraítear do Bhallstáit AE agus do na tíortha comhlacha atá ag glacadh páirte in EASO i gcomhar lena chéile mar “na tíortha AE+”.

Chuir EASO comhairliúcháin ar bun leis an bhFóram Comhchomhairleach agus leis na Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) maidir le himlíne dhréachtchlár oibre 2015. Fuair EASO aighneachtaí ó bhaill den tsochaí shibhialta, eadhon an Chomhairleacht Taighde Tearmainn, Comhairle na hÍsiltíre do Dhídeanaithe, an Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus um Dheoraithe, Comhairle na Gréige do Dhídeanaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, an Chomhairle Athshlánaithe Idirnáisiúnta d'Íospartaigh Céastóireachta, Eagraíocht na hIorua le haghaidh Iarrthóirí Tearmainn, agus Ollscoil Londain, chomh maith le hionchur ó cheithre Ghníomhaireacht CGB (Emcdda, Eurojust, CEPOL agus Europol) . Rinneadh staidéar cúramach ar gach aighneacht a fuarthas agus rinneadh breithniú orthu mar ba chuí.

## 1.2. Misean EASO

Is é misean EASO cuidiú le cur chun feidhme agus forbairt an CEAS trí thacaíocht a sholáthar agus comhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc na dtíortha AE+ mar lárionad neamhspleách saineolais ar chúrsaí tearmainn.

## 1.3. Na cúraimí atá ar EASO

D'fhonn an misean atá aige a chomhlíonadh, is iad príomhchúraimí EASO in 2015 iad seo a leanas a sholáthar:

- tacaíocht phraiticiúil agus theicniúil do thíortha AE+ agus d'Institiúidí AE;
- tacaíocht oibríochta do thíortha AE+ a bhfuil riachtanais ar leith acu agus do thíortha AE+ a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus glactha de bharr cásanna eisceachtúla, tobanna de dhaoine ag teacht isteach ar a gcríoch; agus
- ionchur eolaíocha do cheapadh beartais agus reachtaíocht AE sna réimsí uile a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar thearmann agus ar imirce.

## 1.4. Príomhtháscaire Feidhmíochta EASO

Léirítear i bPríomhtháscaire Feidhmíochta foriomlán EASO cumas na gníomhaireachta na cuspóirí atá leagtha amach i gclár oibre bliantúil EASO a bhaint amach.

Dá bhrí sin, léirítear Príomhtháscaire Feidhmíochta EASO trí tháscaire cáilíochta a fhéachann le tionchar thacaíocht EASO ar fheidhmiú chomhtháite an CEAS a thaispeáint.

Cuirfear san áireamh leis an méid seo a leanas:

- na cúraimí a leagtar síos sa rialachán EASO, *acquis* athmhúnlaithe de chuid AE maidir le tearmann, agus cáipéisí AE gaolmhara eile, agus dul chun cinn EASO i bhfeidhmiú gníomhaíochtaí chun na cúraimí sin a chomhlíonadh;
- iarratais arna ndéanamh ag na tíortha AE+, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag Parlaimint na hEorpa agus ag Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an AE chun gníomhaíochtaí breise EASO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le cur chun feidhme an CEAS;
- tuairimí meastóireachta arna dtabhairt ag na tíortha AE+, ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid AE agus comhpháirtithe eile de chuid EASO ar obair EASO.

Aithnítear sa chlár oibre roinnt cuspóirí sonracha atá struchtúrtha de réir na bprionsabal SMART (sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch, agus faoi cheangal ama). D'fhonn feidhmíocht EASO a thomhas, forbraítear táscairí do gach cuspóir mar aon leis an toradh ionchais agus an fráma ama.

## 1.5. Tosaíochtaí EASO don bhliain 2015

In 2015, díreoidh EASO a chuid iarrachtaí ar chur le feidhmiú praiticiúil, a bheidh éifeachtach, comhleanúnach agus comhsheasmhach, a dhéanamh ar *acquis* athmhúnlaithe de chuid AE maidir le tearmann. Gné thábhachtach maidir le tuilleadh forbartha ar an CEAS is ea dóthain acmhainne i gcórais tearmainn náisiúnta na dtíortha AE+. Beidh ról níos lárnaí ag EASO maidir le comhordú a dhéanamh ar na bearta tógála acmhainne sin trí ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil, lena n-áirítear oiliúint, tír thionscnaimh (COI) agus tuairiscí cáilíochta. Cuirfidh EASO lena

acmhainneacht maidir le faisnéis agus cáipéisíocht ar chórais tearmainn a bhailiú agus a mhalartú, chomh maith lena Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS). Déanfaidh EASO iarracht freisin tacú le gné sheachtrach an CEAS i gcomhréir le straitéis gné seachtraí EASO, i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach.

Eagróidh EASO réamhghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil do thíortha AE+, don Choimisiún Eorpach agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhdhálacha, ceardlanna, cruinnithe saineolaithe agus líonraí speisialta, d’fhonn plé a dhéanamh agus gníomh a ghlacadh maidir le saincheisteanna éagsúla atá ábhartha ar fud AE i réimse an tearmainn (m.sh. ar bheartas, cur chun feidhme dlí tearmainn AE, cúrsaí i dtíortha tionscnaimh, dea-chleachtas, sruthanna éigeandála, srl.). Déanfaidh EASO sruthlíniú ar an modheolaíocht agus ar na gníomhaíochtaí d’fhonn comhar praiticiúil a chur chun cinn i réimse an tearmainn. Chuige sin, eagróidh EASO ar a laghad 48 gcinn de cheardlann, cruinnithe saineolaithe, comhdhálacha nó cruinnithe líonra speisialaithe comhair phraiticiúil agus forbróidh sé ar a laghad 8 n-uirlis comhair phraiticiúil. D’fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do Bhallstáit le linn thrasuí agus chur chun feidhme *acquis* AE maidir le tearmann, leanfaidh EASO ar aghaidh ag eagrú ceardlanna praiticiúla droim ar dhroim le cruinnithe na gCoistí Teagmhálaithe ar théamaí arna sainaithint ag na Ballstáit. Tá breisluach ar fud an AE le sonrú cheana féin de bharr na dtáirgí, na ngníomhaíochtaí agus na gclár atá ag EASO faoi láthair. Dá bhrí sin, déanfaidh EASO comhdhlúthú agus tuilleadh forbartha ar na gníomhaíochtaí lárnacha a bhíonn ar bun aige faoi láthair, ach cuirfear gníomhaíochtaí nua chun cinn trí chur chuige céim ar chéim.

**Cuspóirí EASO don bhliain 2015**

- Neartú a dhéanamh ar ról na comhoiliúna agus na forbartha gairmiúla i réimse an tearmainn;
- feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn;
- tuilleadh Faisnéise coitinne na Tíre Tionscnaimh (COI) a tháirgeadh;
- an chomhphróiseáil a fhorbairt;
- idirphlé breithiúnach a spreagadh i réimse an tearmainn;
- tacú le sainaithint níos fearr ar dhaoine leochaileacha;
- faisnéis agus cáipéisíocht atá cruinn agus cothrom le dáta um fheidhmiú an CEAS a bhailiú agus a mhalartú, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun anailís a dhéanamh ar threochtaí;
- tacaíocht oibríochta thráthúil agus chuimsitheach a sholáthar do na Ballstáit;
- coinníollacha glactha leordhóthanacha agus bearta lánpháirtíochta a chur chun cinn;
- sineirgí a chothú idir cleachtais imirce agus cleachtais tearmainn, lena n-áirítear cur ar ais iarrthóirí tearmainn ar theip orthu;
- tacú le gné sheachtrach an CEAS.

# 2. Tacaíocht bhuan

## 2.1. Oiliúint EASO

| Oiliúint | |
|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Tá sé ina chuspóir ag EASO tacú leis na tíortha AE+ forbairt a dhéanamh ar eolas, scileanna agus inniúlachtaí a mball foirne atá freagrach as cúrsaí tearmainn trí oiliúint cháilíochtúil choiteann. Cuidíonn oiliúint EASO le cur chun feidhme comhtháite an CEAS trí thacú le leibhéal cáilíochta coiteann a bhunú ar fud an AE. Chuige sin, leanann EASO cur chuige le dhá rian: ar thaobh amháin, forbraíonn EASO ábhar oiliúna cuí agus, ar an taobh eile, eagraíonn EASO oiliúint atá bunaithe ar chóras “oiliúint don oiliúnóir”.<br>Cuirfidh EASO le húsáid na teicneolaíochta nua-aoisí, uirlisí oiliúna nuálacha agus modheolaíochtaí teagaisc, agus forbróidh sé uirlisí oiliúna nua a bheidh bunaithe ar ábhair atá ann cheana, ar féidir iad a chur in oiriúint do riachtanais shonracha thíortha AE+.<br>Leanfaidh EASO ag obair ar phróiseas teistiúcháin Eorpaigh ar churaclam oiliúna EASO chun tacú le tíortha AE+ maidir lena chinntiú go mbeidh na daoine atá freagrach as cúrsaí tearmainn oilte mar atá ceangailte faoi fhorálacha na Treorach um Nósanna Imeachta Tearmainn (APD) agus go mbeidh eolas agus scileanna leordhóthanacha acu. Déanfar an deimhniú ar Churaclam Oiliúna EASO a fhorbairt gan dochar do chórais náisiúnta ná do nósanna imeachta náisiúnta.<br>Beidh EASO ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid AE, go háirithe Frontex, Gníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha (FRA) agus CEPOL, i réimse na hoiliúna. Chuige sin, beidh baint ag EASO go fóill le forbairt, nuashonrú agus seachadadh oiliúna téamaí coitinne, amhail cearta bunúsacha agus gáinneáil ar dhaoine.<br>Tabharfar aird chuí, i ndlúthchomhar le Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (UNHCR), ar shaincheisteanna a bhaineann le hinscne, daoine leochaileacha agus ciorrú ball giniúna ban. Leanfaidh EASO á chinntiú go ndéanfar topaicí a bhaineann le hinscne a chuíchóiriú ar fud na n-ábhar oiliúna dá chuid. |
| **Nua in 2015** | Cuirfidh EASO tús leis an bpróiseas maidir le meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí oiliúna EASO sna tíortha AE+. Déanfar uirlisí oiliúna nua a fhorbairt, agus déanfar an córas teistiúcháin a chomhdhlúthú. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Ar a laghad 11 seisiún oiliúna don oiliúnóir de chuid EASO a chur ar bun. | R1–R4 | Líon na seisiún oiliúna don oiliúnóir arna gcur ar bun;<br>Líon na n-oiliúnóirí nua a gcuirfear oiliúint orthu;<br>Leibhéal sástachta na ndaoine faoi oiliúint. |
| Ar a laghad 3 sheisiún oiliúna don oiliúnóir a chur ar bun. | R1–R4 | Líon na seisiún oiliúna don oiliúnóir arna gcur ar bun;<br>Leibhéal sástachta na ndaoine faoi oiliúint. |
| Saintacaíocht a sholáthar do thíortha AE+ maidir le cur chun feidhme na hoiliúna EASO ar a ardán ríomhfhoghlama agus ar an leibhéal náisiúnta. | R1–R4 | Líon na mball foirne náisiúnta a gcuirfear oiliúint orthu;<br>Líon na seisiún oiliúna náisiúnta arna riar ag EASO ar a ardán ríomhfhoghlama;<br>Líon na modúl aistrithe arna gcur chun feidhme ar ardán ríomhfhoghlama EASO. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Ar a laghad 2 mhodúl oiliúna nó uirlisí oiliúna eile a fhorbairt ar féidir iad a chur in oiriúint do riachtanais shonracha thíortha AE+. | R1–R4 | Líon na modúl oiliúna nó na n-uirlisí oiliúna arna dtionscnamh;<br>Líon na modúl nó na n-uirlisí arna bhforbairt agus arna gcur ar fáil do na tíortha AE+; |
| Seimineár Teagascach bliantúil a eagrú. | R4 | Líon na n-oiliúnóirí ag an seimineár teagascach;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. |
| 2 chruinniú Pointe Teagmhála Náisiúnta oiliúna de chuid EASO a eagrú. | R2, R4 | Líon na rannpháirtithe sa chruinniú NCP;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Cruinniú bliantúil den Ghrúpa Tagartha a eagrú. | R4 | Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| Lámhleabhar oiliúna EASO ar a laghad a ullmhú. | R1–R4 | Líon na lámhleabhar oiliúna EASO arna dtionscnamh;<br>Líon na lámhleabhar oiliúna EASO arna gcur ar fáil do na tíortha AE+. |
| Feabhas a chur ar an gcóras bailiúcháin sonraí oiliúna (crannóg oiliúna) atá ann faoi láthair agus iniúchadh breise a dhéanamh ar fhorbairt córais tuairiscithe ar úsáid na hoiliúna EASO ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta, agus é nasctha leis an gCóras Ginearálta Faisnéise agus Cáipéisíochta atá ag EASO. | R1–R4 | Córas tuairiscithe a bheith forbartha;<br>Úsáid thoradh na hanailíse ar an oiliúint atá ann faoi láthair. |
| Ar a laghad 4 chruinniú saineolaithe a eagrú le leanúint ar aghaidh le teistiúchán churaclam oiliúna EASO agus le forbairt Chreata Cáilíochta Earnála (SQF). | R1–R4 | Líon na gcruinnithe saineolaithe arna n-eagrú;<br>SQF forbartha i gcomhair oifigigh tearmainn. |
| Comhairleoireacht sheachtrach a sheachadadh chun tacú le próiseas teistiúcháin oiliúna EASO. | R1-R4 | Úsáid na seirbhísí arna soláthar. |
| Réitigh TF a nuashonrú don ardán ríomhfhoghlama. | R1–R4 | Leibhéal na forbartha maidir leis na réitigh TF don ardán ríomhfhoghlama a thabhairt cothrom le dáta. |
| Tús a chur leis an bpróiseas maidir le meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí oiliúna EASO sna tíortha AE+. | R4 | Leibhéal na forbartha maidir le bunú na modheolaíochta measúnaithe tionchair. |
| Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oiliúna na nGníomhaireachtaí CGB. | R1–R4 | Líon na ngníomhaíochtaí a mbeidh saineolaithe páirteach iontu. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3201 Oiliúint: EUR 1 250 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais<br>5 AD, 1 CA, 1 AST | |

## 2.2. Tacaíocht cháilíochta

<table>
<tr><th colspan="3">Tacaíocht cháilíochta</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chuid gníomhaíochtaí chun tacú le bunú próiseas agus nósanna imeachta cáilíochta i ngach ceann de na tíortha AE+.<br>Sainaithneoidh EASO príomhriachtanais cháilíochta sna córais tearmainn ar fud an AE ag teacht le modheolaíocht Mhaitrís Cháilíochta EASO.<br>Déanfar dea-chleachtais maidir le cáilíocht a mhalartú agus forbróidh EASO uirlisí praiticiúla agus ábhair choiteanna.<br>Déanfaidh EASO gach foinse ábhartha faisnéise a mheas le linn an phróisis sin, agus d'fhéadfadh sé dul i gcomhairle, nuair is gá, le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail Eagraíochtaí Idirnáisiúnta inniúla, go háirithe UNHCR, an lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Foilseofar uirlisí cáilíochta nua.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>3 chruinniú théamacha EASO a eagrú ar ábhair a bhaineann go sonrach le cáilíocht nó ar ghnéithe den CEAS.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Éascú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise maidir le cleachtais sna tíortha AE+, uirlisí praiticiúla a shainaithint agus a chomhroinnt chun tacú leis an gcáilíocht i nósanna imeachta tearmainn na dtíortha AE+ agus i ngnéithe eile den CEAS.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na dtuarascálacha téamacha arna n-ullmhú;<br>Liosta na dTionscadal agus na dTionscnamh Cáilíochta a bheith nuashonraithe;<br>Líon na n-uirlisí agus meicníochtaí cáilíochta arna sainaithint agus arna gcomhroinnt.</td></tr>
<tr><td>Cruinniú de chuid na bPointí Teagmhála Náisiúnta a eagrú faoi cháilíocht.</td><td>R4</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Ar a laghad 2 uirlis cháilíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú (e.g. treoracha praiticiúla, seicliostaí).</td><td>R1–R4</td><td>Líon na n-uirlisí praiticiúla arna bhforbairt;<br>Líon na n-uirlisí praiticiúla arna bhfoilsiú;<br>Úsáid na n-uirlisí cáilíochta.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3202 Próisis cháilíochta: EUR 240 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais<br>2 AD, 1 SNE</td></tr>
</table>

## 2.3. Faisnéis na tíre tionscnaimh (COI)

| Faisnéis na Tíre Tionscnaimh (COI) | |
|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Tá sé ina chuspóir ag EASO córas cuimsitheach COI AE a fhorbairt, a bheidh dírithe ar chaighdeáin COI a ardú agus a chomhchuibhiú i gcomhpháirt le tíortha AE+ agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Chuige sin, i bhfianaise na hacmhainneachta nach beag maidir le táirgeacht COI atá in AE agus sna tíortha AE+ cheana féin, ba cheart cruthú agus comhroinnt COI a réasúnú agus a chomhchuibhiú tríd an gCur Chuige Líonra a ghlac EASO. Trí bhíthin líonraí speisialtóirí, déanfaidh EASO mapáil chruinn ar riachtanais COI ar leibhéal AE ag an gcéad chéim agus an dara chéim, agus é ag cuidiú le bearnaí a líonadh agus obair dhúbailte a sheachaint chomh maith le hiarracht a dhéanamh an rochtain ar COI AE a éascú tríd an tairseach COI. Thairis sin, déanfaidh EASO iarracht tuilleadh forbartha a dhéanamh ar COI coiteann i gcomhar le tíortha AE+ agus le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe UNHCR, an lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta. Déanfar iniúchadh freisin ar an bhféidearthacht comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise maidir le misin aimsithe fíoras COI agus ar an bhféidearthacht cur le taithí phraiticiúil d'fhonn sineirgí a chothú agus cumas comhchuibhithe níos fearr a bhaint amach. |
| **Nua in 2015** | Díreoidh EASO a thuilleadh ar chomhtháirgeadh COI AE agus ar chóras feidhmiúil um cheisteanna COI agus é ag baint leasa as an gcur chuige líonra agus feabhas á chur aige ar eolas agus ar úsáid uirlisí nua i réimse COI, ag tógáil ar thaithí rathúil na Comhdhála Taighde ar Líne in 2014. Déanfar togra mionsonraithe maidir le forbairt na Tairsí COI amach anseo. Ar deireadh, in 2015 ullmhóidh EASO aistriú an tionscadail MedCOI faoi 2017. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tairseach COI, nascadh na mbunachar sonraí COI náisiúnta agus idirnáisiúnta, soláthar teasárais agus ceisteanna coitianta. | R1–R4 | Líon na gcáipéisí a nasctar leo tríd an tairseach;<br>Líon na mbunachar atá nasctha leis an tairseach;<br>Líon na n-úsáideoirí. |
| Mapáil a dhéanamh ar an taighde COI a bhfuil fáil air faoi láthair agus bearnaí agus faisnéis dhúbailte a shainaithint. | R1–R4 | Líon na dtíortha tionscnaimh a ndearnadh mapáil ar tháirgí COI ina leith ar leibhéal na mBallstát. |
| Líonraí comhair phraiticiúil EASO a choinneáil ar bun agus, ar bhonn anailís ar riachtanais, cinn speisialaithe nua a chur ar bun maidir le tíortha tionscnaimh ar leith, agus cruinnithe a thionól de réir mar is cuí. | R1–R4 | Líon na líonraí a bheidh bunaithe agus i mbun oibre;<br>Líon na rannpháirtithe sna líonraí;<br>Líon na gcruinnithe;<br>Torthaí na gcruinnithe agus an úsáid a bhainfear astu. |
| Comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise maidir le misin aimsithe fíoras COI, agus taithí phraiticiúil a chothú. | R3-R4 | Líona na dtíortha AE+ a bheidh páirteach sa mhalartú faisnéise;<br>Úsáid na faisnéise a bailíodh agus na taithí praiticiúla. |
| Comhthuarascálacha COI a ullmhú trí na líonraí sin, a bheidh bunaithe ar mhodheolaíocht tuairiscithe EASO maidir le COI. | R1–R4 | Líon agus cineál na dtáirgí COI arna bhforbairt trí na líonraí;<br>Úsáid na dtáirgí. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Meastóireacht a dhéanamh ar úsáid mhodheolaíocht EASO um COI agus ar fheidhmiú na líonraí saineolaithe, agus athbhreithniú orthu a mheas. | R2–R3 | Úsáid mhodheolaíocht EASO do COI. |
| Ar a laghad 3 chruinniú comhair phraiticiúil EASO a eagrú ar thíortha tionscnaimh agus ar dhúshláin a bhaineann le COI agus cinneadh stádais. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Ar a laghad 2 chruinniú straitéiseacha um líonra COI a eagrú. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Cruinnithe agus seisiúin oiliúna de chuid líonra riarthóirí náisiúnta tairsí COI a eagrú de réir mar is gá. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Ar a laghad imeacht amháin a chur ar bun ina ndíreofar ar uirlisí nua le haghaidh taighde agus tacaíochta COI. | R2, R4 | Líon agus cineál na n-imeachtaí;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. |
| Dréacht-togra ar fhorbairt fhadtéarmach na tairsí COI amach anseo | R1 | Togra a bheith dréachtaithe. |
| Córas ceisteanna COI a fhorbairt ag baint leasa as líonraí sonracha. | R1–R4 | Líon na gceisteanna arna bhfreagairt;<br>An gnáth-am a ghlacfar chun ceist a fhreagairt. |
| Ullmhú i gcomhair aistriú an tionscadail MedCOI go dtí EASO faoin 2017. | R1–R4 | Réamhbhearta a bheith tosaithe. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3203 Faisnéis na tíre tionscnaimh: EUR 717 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse<br>4 AD, 2 CA, 0.5 AST, 3 SNE | |

# 2.4. Cláir shonracha

## 2.4.1. Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

<table>
<tr><th colspan="3">Comhar le cúirteanna agus binsí thíortha na hEorpa agus na dtíortha AE+</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chomhar le cúirteanna agus binsí na dtíortha Eorpacha agus na dtíortha AE+ agus é ina chuspóir ginearálta aige cur le feidhmiú comhleanúnach an CEAS agus an comhar praiticiúil a chur chun cinn i measc na dtíortha AE+ ar chúrsaí tearmainn.<br>Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil EASO i gcomhréir leis na prionsabail a glacadh in 2013, le meas iomlán ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbinsí.<br>Áireofar le gníomhaíochtaí EASO sa réimse sin ullmhú comhpháirteach ábhar forbartha gairmiúla, eagrú agus cur chun cinn gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus comhair phraiticiúil, agus eagrú ardcheardlanna i gcomhréir le modheolaíocht EASO na bliana 2014.<br>Agus an méid sin á dhéanamh aige, leanfaidh EASO ag comhoibriú le comhpháirtithe ábhartha sa réimse agus déanfaidh sé gach iarracht bealaí idirphlé agus malartaigh breithiúnaigh a éascú.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Suas le 2 uirlis tacaíochta a fhorbairt agus a dháileadh, a bheidh ar fáil do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Ar a laghad uirlis amháin um fhorbairt ghairmiúil a fhorbairt agus a dháileadh ar chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na n-uirlisí forbartha gairmiúla arna dtionscnamh<br>Líon na n-uirlisí forbartha gairmiúla arna gcur ar fáil do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí.</td></tr>
<tr><td>Ar a laghad imeacht comhair phraiticiúil amháin de chuid EASO a eagrú ar fhorbairt ghairmiúil.</td><td>R2–R4</td><td>Líon na n-imeachtaí arna n-eagrú;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.</td></tr>
<tr><td>Imeacht comhair phraiticiúil ardleibhéil a eagrú.</td><td>R2–R3</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Líon na gcúirteanna agus na mbinsí rannpháirteacha;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an imeachta.</td></tr>
<tr><td>Cruinniú pleanála agus comhordaithe bliantúil a eagrú.</td><td>R4</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Líon na gcúirteanna agus na mbinsí rannpháirteacha;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3201 Oiliúint: EUR 140 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais<br>1 AD, 1 SNE</td></tr>
</table>

## 2.4.2. Gníomhaíochtaí EASO maidir le leanaí

<table>
<tr><th colspan="3">Leanaí lena n-áirítear Leanaí Neamhthionlactha</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Leanfaidh EASO ag soláthar tacaíochta agus ag forbairt comhair phraiticiúil i measc na dtíortha AE+ agus saineolaithe ábhartha eile ar shaincheisteanna a bhaineann le Leanaí, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha. Agus an méid sin á dhéanamh, cuirfear san áireamh an obair ghinearálta ar chosaint leanaí agus ar chosaint chearta an linbh atá forbartha, i measc eile, ag an gCoimisiún Eorpach, go háirithe ag teacht le Plean gníomhaíochta AE ar mhionaoisigh neamhthionlactha, FRA, UNHCR agus coiste ginearálta na NA ar chearta an linbh.<br>Díreoidh EASO ar dhul i ngleic le saincheisteanna téamacha amhail leas an linbh, measúnú aoise agus rianú teaghlaigh mar chuid de chur chun feidhme an CEAS.<br>Déanfaidh EASO gnéithe a bhaineann le leanaí, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha, a chur sa phríomhshruth i ngníomhaíochtaí uile EASO agus tacóidh sé le comhleanúnachas beartais sa réimse sin.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar uirlisí EASO atá deartha chun tacú le tíortha AE+ maidir le cur chun feidhme an CEAS i gcomhthéacs leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Comhdháil bhliantúil chomhair phraiticiúil EASO ar leanaí a eagrú.</td><td>R4</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Ar a laghad 3 chruinniú saineolaithe théamacha comhair phraiticiúil EASO a eagrú ar ábhair a bhaineann go sonrach le leanaí nó ar ghnéithe den CEAS.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú agus/nó forbairt a dhéanamh ar uirlis comhair phraiticiúil amháin ar a laghad (e.g. treoracha praiticiúla, seicliostaí, ardán gréasáin) atá deartha chun tacú le tíortha AE+ maidir le cur chun feidhme an CEAS i gcomhthéacs leanaí.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na n-uirlisí chomhair phraiticiúil arna dtionscnamh nó arna n-athbhreithniú;<br>Úsáid uirlisí.</td></tr>
<tr><td>An Buiséad</td><td colspan="2">3202 Próisis cháilíochta: EUR 150 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna</td><td colspan="2">An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais<br>1 SNE</td></tr>
</table>

### 2.4.3. Gáinneáil ar dhaoine

<table>
<tr><th colspan="3">Gáinneáil ar dhaoine</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Féachann EASO le tacú le straitéis AE i dtreo fáil réidh leis an ngáinneáil ar dhaoine (2012–16) agus le feidhmiú comhleanúnach na straitéise sin i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus Institiúidí, comhlachtaí, agus Gníomhaireachtaí eile de chuid AE, amhail CEPOL, Europol, FRA agus Frontex.<br>Déanfaidh EASO gnéithe den gháinneáil ar dhaoine (THB) a bhaineann le tearmann a chur sa phríomhshruth i ngníomhaíochtaí uile EASO agus tacóidh sé le comhleanúnachas beartais.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Tionscnaimh agus ábhair shonracha comhair phraiticiúil agus oiliúna a fhorbairt maidir le THB.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí arna gcomhordú ag na Gníomhaireachtaí AE i réimse an Cheartais agus na Gnóthaí Baile chun THB a chosc agus cur ina choinne, agus chun íospartaigh THB a chosaint.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na gcomhchruinnithe a reastalaíodh orthu;<br>Líon na gcomhghníomhaíochtaí;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Cruinniú saineolaithe comhair phraiticiúil ar THB a eagrú.</td><td>R2</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Comhar praiticiúil sonrach agus/nó tionscnaimh agus ábhair oiliúna shonracha maidir le THB a fhorbairt, lena n-áirítear ar shainaithint, atreorú agus cosaint na n-íospartach THB.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na dtionscnamh comhair phraiticiúil agus/nó na dtionscnamh agus na n-ábhar oiliúna maidir le THB;<br>Úsáid thoradh na dtionscnamh comhair phraiticiúil.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3202 Próisis cháilíochta: EUR 60 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais<br>1 SNE</td></tr>
</table>

## 2.5. Liosta EASO na dteangacha a bhfuil fáil orthu

| **Liosta EASO na dteangacha a bhfuil fáil orthu** | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Tacóidh EASO le tíortha AE+ rochtain réidh a bheith acu ar na teangacha ar fad a bhfuil fáil orthu sna tíortha AE+ eile trí bhíthin liosta na dteangacha a bhfuil fáil orthu. | |
| **Nua in 2015** | Fiosróidh EASO réitigh theicniúla i dtíortha AE+ chun éascú a dhéanamh ar úsáid liosta na dteangacha a bhfuil fáil orthu. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Liosta na dTeangacha a bhfuil Fáil Orthu i gcomhair ateangaireachta, agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an liosta agus bileog faisnéise a ullmhú do na Ballstáit maidir le húsáid Liosta na dTeangacha a bhfuil Fáil Orthu. | R1–R4 | Líon na n-athbhreithnithe agus na nuashonruithe;<br>Líon na dteagmhálacha arna mbunú idir tíortha AE+ chun leas a bhaint as Liosta na dTeangacha a bhfuil Fáil Orthu;<br>Sonraí a bheith bailithe ar na teangacha is mó a iarrtar i gcomhair ateangaireachta;<br>Bileog faisnéise a bheith ullmhaithe agus dáilte. |
| Ar a laghad cruinniú amháin a eagrú le tíortha AE+ chun plé a dhéanamh ar réitigh theicniúla le haghaidh níos mó úsáide a bhaint as Liosta na dTeangacha a bhfuil Fáil Orthu chomh maith le huirlisí teicniúla a chur ar fáil ina dhiaidh sin. | R2-R3 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe;<br>Líon na dtíortha AE+ a bhainfidh úsáid as an uirlis arna soláthar. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3302 Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu: EUR 50 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.25 CA | |

# 3. Tacaíochta oibríochta

## 3.1. An Díorma um Idirghabháil Tearmainn

| **Díorma EASO um Idirghabháil Tearmainn (AIP)** | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Coinneoidh EASO buíon saineolaithe ar bun, a bheith cothrom le dáta, coinneoidh sé línte cumarsáide oscailte leis na pointí teagmhála náisiúnta AIP ar na gnéithe uile a bhaineann leis na saineolaithe arna n-imlonnú i mbearta tacaíochta, agus soláthróidh sé cúnamh ar na saincheisteanna ar fad a bhaineann le coinníollacha imlonnaithe na saineolaithe sin. | |
| **Nua in 2015** | Déanfaidh EASO forbairt agus cur chun feidhme ar chóras aiseolais do shaineolaithe imlonnaithe agus déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar an bpróiseas faisnéisithe agus na huirlisí faisnéise do shaineolaithe AIP. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Ar a laghad 2 chruinniú comhair phraiticiúil EASO a eagrú le Pointí Teagmhála Náisiúnta na AIPanna sna tíortha AE+. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe; Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Lámhleabhair a ullmhú don tacaíocht oibríochta chothrománach. | R1-R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Líon na lámhleabhar a bheidh ullmhaithe agus scaipthe. |
| Córas aiseolais do shaineolaithe imlonnaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | R1-R4 | Tástáil a bheith déanta ar an gcóras imlonnaithe agus é curtha chun feidhme;<br>Leibhéal sástachta na dtíortha aíochta AE+ agus na dtíortha baile AE+ leis an gcóras imlonnaithe. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3301 Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu: EUR 250 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.5 AD, 0.5 CA | |

# 3.2. Tacaíochta oibríochta

<table>
<tr><th colspan="3">Tacaíocht Shaincheaptha/Speisialta</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Déanfaidh EASO forbairt bhreise ar a chuid bearta tacaíochta speisialta chun cuidiú le tíortha AE+ a bhfuil riachtanais shainaitheanta agus riachtanais shonracha áirithe acu a bhaineann le trasuí agus cur chun feidhme acquis AE maidir le tearmann.<br>Cuirfear roinnt gníomhartha éagsúla ar bun ar an mbunús sin, lena n-áireofar cúnamh saincheaptha, tógáil acmhainne, tacaíocht shainiúil agus próisis speisialta um rialú cáilíochta.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Tabharfaidh EASO tacaíocht shaincheaptha don Chipir.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Rannpháirtíocht saineolaithe i bhFoirne Tacaíochta Speisialta agus bearta tacaíochta eile sa Chipir i gcomhréir leis an bplean tacaíochta speisialta (SSP).</td><td>R1–R4</td><td>Líon na bhFoirne Tacaíochta Speisialta arna n-imlonnú;<br>Líon na mbeartas tacaíochta eile;<br>Leibhéal sástachta na Cipire leis na bearta tacaíochta;<br>A mhéad a ghlacfar agus a chuirfear chun feidhme torthaí na mbearta tacaíochta.</td></tr>
<tr><td>Rannpháirtíocht saineolaithe i bhFoirne Tacaíochta Speisialta agus i mbearta tacaíochta eile sa Bhulgáir i gcomhréir leis an bplean tacaíochta speisialta (SSP).</td><td>R1-R4</td><td>Líon na bhFoirne Tacaíochta Speisialta arna n-imlonnú;<br>Líon na mbeartas tacaíochta eile;<br>Leibhéal sástachta na Bulgáire leis na bearta tacaíochta;<br>Líon na n-oifigeach/státseirbhíseach ábhartha tearmainn agus glactha a mbeidh eolas nó scileanna níos fearr acu.</td></tr>
<tr><td>Tacaíocht shaincheaptha/speisialta a chur ar fáil do Bhallstáit a iarrann í agus a bhfuil riachtanais shainaitheanta agus riachtanais shonracha áirithe acu a bhaineann le cur chun feidhme acquis athbhreithnithe AE maidir le tearmann, i gcomhréir leis na pleananna tacaíochta speisialta sínithe.</td><td>R1-R4</td><td>Líon na bpleananna tacaíochta speisialta nua a shíneoidh stiúrthóir feidhmiúcháin EASO agus tíortha AE+ iarrthacha;<br>Líon na mbearta tacaíochta saincheaptha/speisialta arna gcur i bhfeidhm;<br>Leibhéal sástachta na dtíortha aíochta AE+;<br>Líon na mbeartas agus na gcleachtas nua in údarás náisiúnta nó Ballstát tugtha atá curtha i bhfeidhm chun an acquis athmhúnlaithe maidir le tearmann a chur chun feidhme</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3302 Tacaíocht éigeandála: EUR 675 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>1.25 AD, 1 CA, 0.5 AST, 1 SNE</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="3">Tacaíocht éigeandála</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Cuirfidh EASO tacaíocht éigeandála ar fáil do thíortha AE+ a bhfuil brú ar leith orthu trí leas a bhaint as saineolaithe na dtíortha AE+ i bhfoirm foirne tacaíochta tearmainn (ASTanna) nó trí thacaíocht eile a sholáthar de réir mar is gá. Beidh EASO ag comhoibriú le comhlachtaí ábhartha agus an tacaíocht sin á soláthar aige, agus aird ar leith aige ar chomhar oibríochtúil le Frontex agus le páirtithe leasmhara eile chun bearta tacaíochta oibríochta a ailíniú.<br>Mar is cuí, cuirfidh gníomhartha tacaíochta oibríochta EASO le gníomhartha ar bith a dhéanfar faoi chuimsiú chreat mheicníocht Airteagail 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Forbróidh EASO córas aiseolais do thíortha AE+ a mbeidh saineolaithe á n-imlonnú acu agus do thíortha aíochta AE+ a mbeidh an tacaíocht sin á fáil acu, chomh maith le treoirphlean straitéiseach maidir le húsáid bearta éigeandála i dtíortha AE+ chun rialú cáilíochta agus tionchar fadtéarmach spriocanna inghnóthaithe na n-oibríochtaí a chur chun cinn.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Tacaíocht éigeandála a sholáthar do thíortha AE+ a bhfuil brú ar leith orthu, chun feabhas a chur ar a n-acmhainn agus a n-ullmhacht chun a gcórais tearmainn agus glactha a bhainistiú i gcomhréir le Pleananna Oibriúcháin sínithe, agus comhoibriú le comhlachtaí ábhartha maidir le Tacaíocht Éigeandála a sholáthar.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na Pleananna Oibriúcháin (OPanna) arna síniú nó arna gcur chun feidhme;<br>Líon na nASTanna arna n-imlonnú;<br>Líon na mbeartas tacaíochta eile;<br>Leibhéal sástachta na dtíortha AE+ arna dtacú;<br>A mhéad a chuirfear chun feidhme torthaí na mbearta éigeandála;<br>Úsáid na spriocanna inghnóthaithe.</td></tr>
<tr><td>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras bainistíochta cáilíochta chun cáilíocht agus comhleanúnachas na spriocanna inghnóthaithe a áirithiú le linn tacaíocht éigeandála.</td><td>R1–R4</td><td>Córas bainistíochta cáilíochta a bheith forbartha;<br>Úsáid an chórais;<br>Líon na spriocanna inghnóthaithe arna mbainistiú tríd an gcóras.</td></tr>
<tr><td>Creat a chruthú le haghaidh comhordaithe le comhpháirtithe eile a mbeidh baint acu le bearta éigeandála agus treoirphlean a fhorbairt maidir le húsáid na mbearta éigeandála sin.</td><td>R1 – R4</td><td>Líon na modheolaíochtaí teicniúla agus na n-uirlisí arna bhforbairt;<br>Úsáid an aschuir.</td></tr>
<tr><td>Ar a laghad sé cheardlann comhair phraiticiúil a eagrú agus creat a chruthú maidir le comhordú le tíortha AE+ agus le comhpháirtithe eile a bhfuil baint acu le bearta éigeandála chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an treoirphlean éigeandála.</td><td>R2-R4</td><td>Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3302 Tacaíocht éigeandála: EUR 821 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>1.25 AD, 0.5 AST, 1 SNE</td></tr>
</table>

## 3.3. Athlonnú

<table>
<tr><th colspan="3">Athlonnú</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Déanfaidh EASO malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar athlonnú laistigh den AE a chur chun cinn, a éascú agus a chomhordú.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Déanfaidh EASO obair leantach maidir le Fóram Athlonnaithe Bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh (CE).</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Ar a laghad cruinniú comhair phraiticiúil EASO amháin a eagrú faoi athlonnú na ndaoine a bhaineann tairbhe as cosaint idirnáisiúnta i sineirge le Fóram Athlonnaithe Bliantúil AE in 2014</td><td>R2</td><td>Cruinniú a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Páirt a ghlacadh i bhFóram Athlonnaithe Bliantúil AE agus leanúint dá chonclúidí.</td><td>R4</td><td>Cineál na rannpháirtíochta;<br>Gníomhaíochtaí leantacha arna gcur chun feidhme.</td></tr>
<tr><td>Tacú le beartais athlonnaithe féideartha arna gcomhaontú ar leibhéal AE.</td><td>R1–R4</td><td>Líon agus cineál na mbearta arna soláthar.<br>Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara bainteacha.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3204 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach: EUR 30 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.25 CA</td></tr>
</table>

## 3.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála

| Gníomhaíochtaí comhphróiseála | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Ag leanúint ón taithí ar na treoirthionscadail ar an gcomhphróiseáil a rinneadh in 2014, go háirithe faoi chuimsiú chreat Thascfhórsa na Meánmhara, déanfaidh EASO measúnú ar na tionscadail agus déanfaidh sé lámhleabhar ar an gcomhphróiseáil a dhréachtú. Thairis sin, déanfaidh EASO comhordú ar ghníomhaíochtaí breise comhphróiseála in 2015, ina mbeidh roinnt tíortha AE+ páirteach. | |
| **Nua in 2015** | Déanfaidh EASO measúnú ar na treoirthionscadail agus tosóidh sé le dréachtú lámhleabhair ar an gcomhphróiseáil. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Measúnú a dhéanamh ar na treoirthionscadail chomhphróiseála. | R2–R3 | Meastóireacht a bheith curtha i gcrích;<br>Úsáid na measúnachta. |
| Lámhleabhar ar an gcomhphróiseáil a dhréachtú. | R3–R4 | Lámhleabhar a bheith dréachtaithe;<br>Úsáid an lámhleabhair sna gníomhaíochtaí comhphróiseála. |
| Comhordú a dhéanamh ar chleachtadh comhphróiseála amháin ar a laghad ina nglacfaidh saineolaithe ó roinnt tíortha AE+ páirt. | R1–R4 | Líon na gcleachtaí arna n-eagrú;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chleachtaidh. |
| Ar a laghad 2 chruinniú a eagrú d'fhonn comhar praiticiúil a fhorbairt maidir le comhphróiseáil. | R1, R3 | Cruinnithe a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Saineolas agus cleachtais chomhphróiseála na dtíortha AE+ a bhailiú agus a chomhdhlúthú. | R2–R4 | Tuarascáil a bheith curtha ar fáil ina bhfuil moltaí ábhartha;<br>An leibhéal sástachta i leith na tuarascála;<br>Úsáid mholtaí na tuarascála. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3302 Tacaíocht éigeandála: EUR 225 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.5 AD, 0.5 SNE | |

## 3.5. Sineirgí idir an tearmann agus an imirce

<table>
<tr><th colspan="3">Sineirgí idir an tearmann agus an imirce</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Tá beartais tearmainn agus beartais chosanta idirnáisiúnta ina gcuid de chreat dlíthiúil AE níos leithne i réimse na himirce. Faoi chuimsiú an chreata sin, cothóidh EASO comhleanúnachas maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí i réimse an tearmainn agus na himirce, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha agus le líonraí atá ann cheana.<br>I dtaca leis sin, meastar go bhfuil cur ar ais iarrthóirí tearmainn ar theip orthu ina chuid dhílis de chóras tearmainn éifeachtach. Déanfaidh EASO fiosrú freisin maidir le féidearthachtaí um fhaisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú chun príomhshruthú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le cur ar ais iarrthóirí tearmainn ar theip orthu, i ndlúthchomhar leis an Sainghrúpa um Chur ar Ais de chuid Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN). I bhfianaise na bhfreagrachtaí atá ar eagraíochtaí eile maidir le cur ar ais, áfach, níl sé ar intinn ag EASO páirt a ghlacadh sna gnéithe oibríochtúla den chur ar ais.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Cruinnithe saineolaithe comhair phraiticiúil de chuid EASO a eagrú chun príomhshruthú a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le cur ar ais sna córais tearmainn.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Ar a laghad 2 chruinniú a eagrú a bheidh dírithe ar phríomhshruthú a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le cur ar ais sna córais tearmainn.</td><td>R2, R3</td><td>Cruinnithe a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3302 Tacaíocht éigeandála: EUR 60 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.75 AD, 0.25 CA</td></tr>
</table>

## 3.6. Glacadh agus comhtháthú

<table>
<tr><th colspan="4">Tacaíocht maidir le glacadh agus comhtháthú</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="3">Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar a acmhainneacht inmheánach chun tacú le tíortha AE+ le gníomhaíochtaí atá dírithe ar choinníollacha glactha agus bearta comhtháthaithe leordhóthanacha a chur chun cinn, bunaithe ar chreat arna fhorbairt ag EASO le haird ar leith ar ghrúpaí leochaileacha.<br>Tabharfar faoi na gníomhaíochtaí i gcomhar le heagraíochtaí agus líonraí ábhartha (e.g. Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh, EPRA, líonra de Phointí Teagmhála Náisiúnta an Choimisiúin um Chomhtháthú) atá i mbun oibre sa réimse sin cheana féin.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="3">In 2015, cothóidh EASO malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar chórais glactha agus ar bhearta comhtháite faoi chuimsiú chreat an CEAS. Déanfar neartú ar acmhainn na dtíortha AE+ maidir le pleanáil theagmhasach um ghlacadh i ndáil le sruthanna féideartha iarrthóirí tearmainn, agus déanfar fiosrú faoi na féidearthachtaí maidir le treoirthionscadal a fhorbairt chun acmhainn glactha in AE a chomhroinnt.</td></tr>
<tr><th colspan="4">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th colspan="2">Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td colspan="2">Creat teagmhasach a fhorbairt ina mbeidh béim ar leith ar ghlacadh.</td><td>R1</td><td>Creat a bheith forbartha;<br>Úsáid an chreata.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar a laghad 3 chruinniú saineolaithe um chomhar praiticiúil EASO a eagrú faoi chórais agus coinníollacha glactha.</td><td>R1–R4</td><td>Cruinnithe a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Treoirthionscadal a eagrú a bheidh dírithe ar acmhainn glactha a chomhroinnt in AE.</td><td>R1–R4</td><td>Treoirthionscadal a bheith curtha i gcrích;<br>An leibhéal sástachta/aiseolas arna chur ar fáil ag na tíortha AE+ rannpháirteacha;<br>Úsáid thoradh an treoirthionscadail.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tacaíocht a sholáthar do thíortha AE+ maidir le pleanáil theagmhasach agus le hullmhacht i gcomhair sruthanna iarrthóirí tearmainn a d’fhéadfadh teacht isteach i gcomhthéacs an ghlactha, agus ceardlann comhair phraiticiúil amháin a chur ar bun sa réimse sin.</td><td>R1–R4</td><td>Cruinniú a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe;<br>Líon na mbearta tacaíochta arna gcur chun feidhme;<br>Leibhéal sástachta na dtíortha aíochta AE+ leis an tacaíocht arna soláthar;<br>Úsáid thoradh na tacaíochta arna soláthar.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3302 Tacaíocht éigeandála: EUR 210 000</td></tr>
<tr><td colspan="2">Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.5 AD, 0.5 SNE</td></tr>
</table>

# 4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse

## 4.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta

<table>
<tr><th colspan="3">Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Forbróidh EASO an Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) atá aige, lena gcuirtear ar fáil pointe aonair faisnéise ar eagrú chórais tearmainn agus glactha na dtíortha AE+, mar aon le forléargas ar fheidhmiú praiticiúil an CEAS.<br>Laistigh den chóras faisnéise agus cáipéisíochta ginearálta sin, leanfaidh EASO ag cur céimeanna ar fáil lena n-áirítear cásdlí ar dhlí-eolaíocht thíortha na hEorpa agus na dtíortha AE+ a bhaineann le forálacha acquis AE maidir le tearmann.<br>Déanfaidh EASO gach foinse ábhartha faisnéise a mheas le linn an phróisis sin, lena n-áirítear bunachair shonraí ábhartha, agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail Cúirteanna na hEorpa, Gníomhaireachtaí AE eile, cosúil le Frontex agus FRA, agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta inniúla, go háirithe UNHCR, an lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Beidh sé ina chuspóir ag EASO ardán oiriúnach TF a thógáil don mhéid thuas, a bheith bunaithe ar bhogearraí atá ar an margadh, agus líonra IDS d'ionadaithe tíortha AE+ a bhunú a bheidh in ann sonraí a chur ar fáil maidir le hathruithe ar bheartais, ar nósanna imeacht, nó ar chásdlí náisiúnta.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Sonraí rialta a bhailiú ó thíortha AE+ ar fheidhmiú a gcuid córas tearmainn agus athruithe ábhartha ar bheartas náisiúnta, ar nósanna imeachta agus ar chásdlí.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na dtíortha AE+ a sholáthróidh na sonraí arna n-iarraidh;<br>An fráma ama ina gcuirfear na sonraí ar fáil.</td></tr>
<tr><td>Leanúint ar aghaidh laistigh den IDS i dtreo bunachar sonraí cásdlí a bhunú ar dhlí-eolaíocht na hEorpa agus na dtíortha AE+ maidir le acquis tearmainn AE.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na gcinntí náisiúnta agus/nó AE a bheidh roghnaithe agus dáilte;<br>Úsáid rannóg an chásdlí den IDS.</td></tr>
<tr><td>Leanúint ar aghaidh ag cruthú leathanaigh achoimre a bheidh nasctha le cáipéisí ábhartha arna gcur i gceangal san IDS.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na leathanach achoimre arna gcruthú;<br>Líon na gcáipéisí ceangailte;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.</td></tr>
<tr><td>Ar a laghad 2 chruinniú comhair phraiticiúil a eagrú faoi bheartais agus nósanna imeachta na dtíortha AE+.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na gcruinnithe arna dtionól<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3103 Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta:<br>EUR 250 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse<br>1 AD, 1 CA, 0.5 AST</td></tr>
</table>

## 4.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE

<table>
<tr><th colspan="4">Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="3">Féachann EASO le forbhreathnú cuimsitheach ar staid an tearmainn in AE a chur ar fáil ar bhonn bliantúil do lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara náisiúnta agus AE. Déantar an tuarascáil a dhréachtú i gcomhar le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar inimirce agus tearmann agus glactar san áireamh inti ionchur ón tsochaí sibhialta agus ó lucht acadúil.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="3">Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar chúrsaí tearmainn anailísí nua bunaithe ar shonraí arna mbailiú faoi Chéim II den EPS, d’fhonn feabhas a chur ar léirshamhlú sonraí agus ar chaighdeáin eagarthóireachta.</td></tr>
<tr><th colspan="4">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th colspan="2">Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td colspan="2">An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú.</td><td>R2</td><td>An tuarascáil bhliantúil a bheith glactha agus foilsithe;<br>Líon na bpáirtithe leasmhara ag soláthar ionchuir don tuarascáil bhliantúil;<br>Úsáid na Tuarascála Bliantúla.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3101 Tuarascáil bhliantúil ar chúrsaí tearmainn: EUR 130 000</td></tr>
<tr><td colspan="2">Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse<br>4 AD</td></tr>
</table>

## 4.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS)

| Córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS) | |
|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta atá aige, atá dírithe ar fhaisnéis agus anailísí atá cruinn agus tráthúil a thabhairt do na tíortha AE+, do Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach maidir le sruthanna iarrthóirí tearmainn chuig an AE agus laistigh de, agus maidir le hacmhainneacht na dtíortha AE+ chun déileáil leo.<br>Cuirfidh an córas luathrabhaidh agus ullmhachta leis an meicníocht luathrabhaidh, ullmhachta agus bhainistíochta géarchéime a bhforáiltear di in Airteagal 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III. |
| **Nua in 2015** | In 2015, déanfaidh EASO sonraí a bhailiú agus a anailísiú go rialta faoi tháscairí Chéim II den EPS, agus déanfaidh sé fiosrú agus moltaí i leith indéantachta na dtáscairí i gcomhair Chéim III. Tá sé ina chuspóir ag EASO bogearraí staidrimh agus bogearraí córais faisnéise geografaí (GIS) a úsáid chun feabhas a chur ar an anailís agus ar an léirshamhlú. Bunóidh EASO Grúpaí Comhairleacha ó bhaill GPS ar na saincheisteanna is tábhachtaí. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Sonraí rialta a bhailiú ó thíortha AE+ i gcomhréir le táscairí Chéim II. | R1–R4 | Líon na dtíortha AE+ a sholáthróidh na sonraí arna n-iarraidh;<br>An fráma ama ina gcuirfear na sonraí ar fáil. |
| Tuarascálacha rialta (míosúla agus ráithiúla) a chruthú. | R1–R4 | Líon na dtuarascálacha;<br>An fráma ama ina gcuirfear na tuarascálacha ar fáil;<br>Úsáid na dtuarascálacha. |
| Tuarascálacha *ad hoc* a chruthú. | R1–R4 | Líon na dtuarascálacha;<br>Úsáid na dtuarascálacha. |
| Suas le 2 chruinniú GPS a eagrú. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| Grúpaí comhairleacha ar ghnéithe tábhachtacha den CEAS a bhunú. | R1–R4 | Líon agus cineál na ngrúpaí arna mbunú;<br>Líon agus cáilíocht na dtáirgí anailíseacha. |
| Togra EPS Chéim III a ullmhú i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha. | R1–R4 | Líon na dtáscairí. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3102 Luathrabhadh agus anailís ar shonraí: EUR 300 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse<br>3 AD, 2CA, 2 SNE | |

# 5. Tacaíocht tríú tíre

## 5.1. An Ghné Sheachtrach

| **An ghné sheachtrach** | |
|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Ag teacht le straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO a glacadh in 2014, déanfaidh EASO iarracht tacú le gné sheachtrach an CEAS i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach.<br>Cuirfidh EASO i gcrích a thionscadal ENPI leis an Iordáin, an Túinéis agus Maracó faoi mhí Iúil 2015. Thairis sin, tacóidh EASO le tógáil acmhainne i gcórais tearmainn agus glactha na dTríú Tíortha tábhachtacha atá i gcomharsanacht AE, chomh maith le cláir um fhorbairt agus chosaint réigiúnach (RDPPanna).<br>Comhoibreoidh EASO, nuair is gá, le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail gníomhaireachtaí eile de chuid AE agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta inniúla, go háirithe UNHCR, maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin. |
| **Nua in 2015** | Déanfaidh EASO tuilleadh iniúchta maidir le conas tacú le tógáil acmhainne i dtríú tíortha faoi chuimsiú Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO. |

| **Feidhmíocht** | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Ar a laghad 2 cheardlann comhair phraiticiúil EASO a eagrú le Líonra Gné Seachtraí na dtíortha AE+ chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhartha gné seachtraí EASO maidir le tacaíocht tríú tíre. | R2, R4 | Líon na gceardlanna arna n-eagrú;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gceardlanna. |
| Cur chun feidhme an tionscadail faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht leis an Túinéis, Maracó agus an Iordáin a chur i gcrích, agus ceachtanna foghlamtha óna fheidhmiú a chur i láthair agus tógáil ar na ceachtanna sin i gcomhair tuilleadh tacaíochta sa réimse sin. ([5]) | R1–R3 | Líon na ngníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme;<br>A mhéad a chuirfear chun feidhme na gníomhaíochtaí agus an buiséad atá beartaithe;<br>Leibhéal sástachta na dtríú tíortha bainteacha;<br>Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara bainteacha;<br>Líon na ngníomhaíochtaí seachthairbhe ar féidir iad a shainaithint. |
| Ar a laghad 2 ghníomh gné seachtraí a fhorbairt, lena n-áireofar gníomhaíochtaí tógála acmhainne, le tríú tíortha Sprice comharsanachta arna sainaithint ag teacht leis an gCur Chuige Domhanda don Imirce agus don tSoghluaisteacht agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach | R1–R4 | Líon na ngníomhartha gné seachtraí a bheidh sainaitheanta agus curtha chun feidhme;<br>Líon na dtríú tíortha a bheidh páirteach;<br>Leibhéal sástachta na dtríú tíortha a bheidh páirteach. |

([5]) Déanfar an tionscadal ENPI a chur chun feidhme le leithreasaí arna gcur in áirithe i ndiaidh comhaontú deontais leis an Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbraíocht agus um Chomhar.

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Tacú le cur chun feidhme Clár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach agus gníomhartha eile a bhaineann le réitigh mharthanacha i dTríú Tíortha (e.g. ceardlanna réigiúnacha comhair phraiticiúil le Tríú Tíortha sprice agus tíortha AE+). | R1–R4 | Líon na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach a mbeidh baint ag EASO leo;<br>Líon agus cineál na mbearta tacaíochta a chuirfear i bhfeidhm;<br>Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe nó na bpáirtithe leasmhara;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe;<br>Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara bainteacha. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3204 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach: EUR 250 000<br>4101 Comhoibriú na dtíortha ENP le EASO (curtha in áirithe): EUR 322 681 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.75 AD, 0.5 CA | |

## 5.2. Athshocrú

<table>
<tr><th colspan="3">Athshocrú</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Cuirfidh EASO ról comhordaithe nó ról ionaid imréitigh i bhfeidhm maidir le malartú faisnéise agus gníomhartha eile ar athshocrú arna ndéanamh ag tíortha AE+ i gcomhar le UNHCR agus IOM.<br>Cuirfidh EASO chun cinn, i gcomhar le UNHCR agus IOM, comhordú idir tíortha AE+ maidir le spriocanna comhaontaithe athshocraithe a bhaint amach, ní hamháin i ndáil le hiarratais ach freisin i ndáil le himeachtaí iarbhír chuig an AE. Tá sé ina chuspóir ag EASO neartú a dhéanamh ar ról AE sa réimse sin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, d'fhonn freastal ar riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta na ndídeanaithe i dtríú tíortha agus d'fhonn dlúthpháirtíocht a léiriú lena dtíortha aíochta.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Tacóidh EASO le cur chun feidhme comhchláir de chuid AE um athshocrú.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Ar a laghad cruinniú saineolaithe amháin comhair phraiticiúil EASO a eagrú faoin athshocrú i sineirge leis na tionscnaimh éagsúla AE agus idirnáisiúnta eile um athshocrú.</td><td>R1-R3</td><td>Líon na gcruinnithe saineolaithe arna n-eagrú;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>Modheolaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt chun neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha AE chun dídeanaithe a athshocrú agus an comhoibriú a chur chun cinn faoi chomhchlár AE um athshocrú.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí arna bhforbairt.<br>Úsáid na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí.</td></tr>
<tr><td>Líne buiséid agus méid leithdháilte</td><td colspan="2">3204 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach: EUR 220 000</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte</td><td colspan="2">An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta<br>0.5 AD, 0.25 CA</td></tr>
</table>

# 6. Creat agus líonra EASO agus an t-eagar atá air

## 6.1. An Bord Bainistíochta

Tá struchtúr inmheánach rialála agus riaracháin EASO comhdhéanta de Bhord Bainistíochta agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin.


Is é an **Bord Bainistíochta** comhlacht rialaithe agus pleanála EASO. Áireofar lena phríomhfheidhmeanna in 2015 glacadh chláir oibre agus thuarascálacha bliantúla EASO agus glacadh an bhuiséid. Thairis sin, cinnteoidh an Bord Bainistíochta go gcomhlíonfaidh EASO a chuid dualgas go héifeachtach.

| An Bord Bainistíochta | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Féachann EASO lena chinntiú go leanfaidh a Bhord Bainistíochta ag comhlíonadh a chuid cúraimí mar bhord rialaithe agus pleanála EASO ar shlí éifeachtach, éifeachtúil. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Trí chruinniú den Bhord Bainistíochta a eagrú agus an rogha ann tuilleadh cruinnithe a chur ar bun ar thionscnamh an chathaoirligh nó ar iarratas ó aon trian dá chomhaltaí. | R2–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 2306 Caiteachais ar chruinnithe riaracháin inmheánacha agus seachtracha: EUR 200 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Oifig Feidhmiúcháin<br>0.5 AD, 0.5 CA | |

Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid cúraimí dó agus is é ionadaí dlíthiúil EASO é. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as bainistiú riaracháin EASO agus as feidhmiú an Chláir Oibre agus chinntí an Bhoird Bainistíochta.

Beidh an **Stiúrthóir Feidhmiúcháin** á thacú ag na Ceannasaithe Aonaid/Lárionaid, ag an Oifigeach Cuntasaíochta agus ag Oifig Feidhmiúcháin. Ní réamh-mheastar go ndéanfar aon athruithe in 2015 ar struchtúr inmheánach EASO, a bheidh comhdhéanta de 4 Aonad/Lárionad, eadhon:

- an tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU);
- an Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA);
- an Lárionad um Thacaíocht Oibríochta (COS);
- an Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE).




## 6.2. Líonra comhair EASO



### 6.2.1. Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach

Inár gcáil mar ghníomhaireacht rialaitheach dhíláraithe AE a bhfuil a struchtúr rialaithe féin aici, gníomhaíonn EASO laistigh de bheartais agus de chreat institiúideach AE. Sa chomhthéacs sin, tá freagracht pholaitiúil as réimse an tearmainn ar an gCoimisinéir Eorpach atá freagrach as gnóthaí baile agus, dá bhrí sin, is ann do naisc láidre comhair leis an gCoimisiún Eorpach ar ghníomhaíochtaí uile EASO. In 2015 tabharfar cuireadh don Choimisiún Eorpach a thuairim a thabhairt ar cháipéisí ar leith a bheidh le glacadh ag Bord Bainistíochta EASO de réir fhorálacha cuí rialacháin EASO. Beidh cruinnithe rialta ar na leibhéil uile agus físchomhdhálacha rialta a bhaineann le beartas leis an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile ar bun ar feadh na bliana 2015. Thairis sin, leanfaidh EASO ar aghaidh in 2015 ag eagrú ceardlanna praiticiúla droim ar dhroim le cruinnithe na gCoistí Teagmhálaithe. Ina theannta sin, comhordóidh EASO leis an gCoimisiún Eorpach maidir le dréachtú tuarascálacha. Tarraingeoidh EASO agus an EMN ar na sonraí céanna ó na tíortha AE+ dá bhfaisnéis uile agus iad ag dréachtú tuarascálacha amhail tuarascáil bhliantúil EASO. Glacfaidh EASO páirt i gcruinnithe Pointí Teagmhála Náisiúnta EMN, i gcruinnithe a Bhoird Stiúrtha agus i gcruinnithe téamacha ábhartha. Thairis sin, in 2015 beidh EASO ag féachaint le Meabhrán Tuisceana a chur i gcrích le Eurostat.

Ag teacht le rialachán EASO, seolfaidh EASO a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig an gCoimisiún Eorpach. Tugtar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin go rialta tuairisciú don Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile maidir leis an CEAS. Ina theannta sin, tugtar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin clár oibre EASO, chomh maith le topaicí sainiúla a bhaineann le hobair EASO, a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa.

In 2015, beidh ról tacaíochta ag EASO sa chreat airgeadais ilbhliantúil agus sna socruithe nua ar chistiú AE i réimse an tearmainn agus na himirce. Maidir leis sin, tabharfaidh EASO faisnéis ar thosaíochtaí oibríochta AE agus ar thosaíochtaí sainiúla na dTíortha AE+ a d’fhéadfaí a chur san áireamh i gcomhair cistiú spriocdhírithe.

Comhlíonfaidh EASO a ról institiúideach laistigh de chomhthéacs na meicníochta dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III trí ghníomh a dhéanamh agus trí eolas a thabhairt do na hinstitiúidí cuí atá bainteach le céimeanna éagsúla na meicníochta.

### 6.2.2. Comhar leis an UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

I gcomhlíonadh a chuid cúraimí, oibríonn EASO i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile.

Maidir leis an UNHCR, comhoibríonn EASO go dlúth leis agus téann sé i gcomhpháirtíocht leis sna réimsí uile atá clúdaithe ag rialachán EASO. In 2013, shínigh EASO agus an UNCHR socrúchán oibre. Ar an mbunús sin, in 2015 tógfaidh EASO ar an gcomhar neartaithe, go háirithe maidir le hoiliúint, le próisis cháilíochta, le mionaoisigh neamhthionlactha, leis an athshocrú, leis an ngné sheachtrach den CEAS agus maidir le réimse na tacaíochta speisialta agus éigeandála. Leanfar de chomhar struchtúrtha sna réimsí uile. Glacann UNHCR páirt i mBord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta agus tabharfar cuireadh dó, mar is cuí, chuig cruinnithe mheithil oibre EASO. Ina theannta sin, ba chóir a thabhairt chun suntais go bhfuil buanoifig chaidrimh ag UNHCR le EASO, atá lonnaithe i Málta.

Le linn 2015, beidh dlúth-theagmháil ag EASO freisin le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile a bhíonn ag obair i réimsí an tearmainn, amhail Comhairle na hEorpa, Stiúrthóirí Ginearálta na Comhdhála Seirbhísí Inimirce (GDISC), na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Maidir le Comhairle na hEorpa agus an IOM, tabharfaidh EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta leo agus glacfaidh sé páirt ina gcuid oibre in 2015. Maidir leis an GDISC, cuirfidh EASO go gníomhach lena chuid oibre, ag glacadh páirte i roinnt de chomhdhálacha agus de cheardlanna GDISC. Ar an lámh eile, bunaithe ar mhalartú litreacha leis an IGC, tabharfar cuireadh rialta do EASO chuig roinnt de mheithle oibre an IGC agus tabharfar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith i láthair ag babhta iomlán an IGC.

### 6.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí CGB

**Líonra na ngníomhaireachtaí AE**

Cothaíonn EASO comhar láidir le gníomhaireachtaí AE eile ina cháil mar chomhalta den Líonra Comhordaithe Idir-Ghníomhaireachta.

In 2015, leanfaidh EASO ar aghaidh, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, ag cur chun feidhme an chuir chuige chomhchoitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe AE agus a threochlár.

Glacfaidh EASO páirt sna gníomhaíochtaí cuí a eagrófar in 2015 faoi chuimsiú an líonra feidhmíochta agus an Líonra Dlíthiúil Idir-Ghníomhaireachta (IALN), a ndeachaigh EASO isteach ann go foirmiúil in 2013.

**Líonra na ngníomhaireachtaí CGB**

Tá EASO ina chomhalta freisin den chomhar idir-ghníomhaireachta um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB), in éineacht le Frontex, an FRA, Europol, Eurojust, CEPOL, an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (eu-LISA), an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF). In 2015, glacfaidh EASO páirt i líonra na ngníomhaireachtaí CGB agus ina chuid gníomhaíochtaí.

**Frontex**

Ar bhunús an tsocrúcháin oibre a shínigh Frontex agus EASO i Meán Fómhair na bliana 2012, leanfar den chomhar atá ann faoi láthair le linn 2015. Déanfaidh Frontex agus EASO tuilleadh cur chun feidhme ar chomhoibriú inbhuanaithe ar chláir oiliúna, ar thionscnaimh cháilíochta, agus ar chomhroinnt sonraí agus anailíse i gcomhthéacs an Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta agus COI. Thairis sin, cothóidh EASO an comhar le Frontex sa tacaíocht oibríochta trí chomhordú a dhéanamh ar iarrachtaí nuair a bhíonn tacaíocht á soláthar do thíortha AE+ agus trí bhreathnú ar leas a bhaint as sineirgí breise maidir le bainistiú teorainneacha agus maidir le riachtanais um chosaint idirnáisiúnta a shainaithint. Tógfaidh EASO ar an gcomhar atá aige le Frontex ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí ábhartha i réimse na gné seachtraí in 2015. Coinneoidh Frontex agus EASO ar bun a gcomhar i dtaobh gníomhaíochtaí a chéile maidir leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear i gcomhthéacs a gcuid fóram comhairleach faoi seach. In 2015, leanfaidh EASO ag glacadh páirte mar bhreathnóir i bhFóram Comhairleach Frontex.

**FRA**

Leanfaidh an FRA agus EASO ag tógáil ar an gcomhar atá ann cheana in 2015 ag teacht leis an socrúchán oibre a shínigh an dá ghníomhaireacht i Meitheamh na bliana 2013. Leanfaidh an FRA agus EASO ag comhroinnt faisnéise, ag soláthar ionchuir do ghníomhaíochtaí taighde agus ag comhroinnt modheolaíochtaí taighde agus modhanna bailithe sonraí. Leanfaidh an dá eagraíocht lena gcomhoibriú i réimse na hoiliúna, chun dlús a chur le malartú dea-chleachtais, faisnéise agus saineolais i dtaca le cearta bunúsacha. In 2015, leanfar den chomhar maidir le gníomhaíochtaí comhairliúcháin a chéile.

**eu-LISA**

Tosóidh EASO agus eu-Lisa ag cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu sa socrú oibre a shínigh an dá ghníomhaireacht i Samhain 2014.

Leanfaidh EASO ar aghaidh freisin lena chuid comhtheagmhálacha agus caidrimh ar leibhéal déthaobhach le gníomhaireachtaí eile de chuid AE, go háirithe maidir leis na bealaí comhair idirghníomhaireachta um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

## 6.2.4. Comhar le lucht acadúil agus le comhaltaí binsí agus cúirteanna

Díríonn EASO aird ar leith ar chaidreamh leis an lucht acadúil agus le comhaltaí bhinsí agus chúirteanna thíortha na hEorpa agus na dtíortha AE+.

Leanfaidh an lucht acadúil i mbun oibre le EASO ar bhealaí éagsúla in 2015, lena n-áireofar gníomhaíochtaí forbartha oiliúna, agus beidh príomhról aige go fóill san Fhóram Comhchomhairleach agus i gcruinnithe saineolaithe.

Le linn 2015, beidh dlúth-chomhoibriú idir EASO agus comhaltaí binsí agus cúirteanna, lena n-áirítear trí Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe (IARLJ) agus a chaibidil Eorpach, chomh maith le Cumann Breithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ).

Na gníomhaíochtaí nithiúla a bhaineann leis an gcomhar leis an lucht acadúil agus le comhaltaí na mbinsí agus na gcúirteanna, a fhorbrófar le linn 2015, tá siad sainithe cheana féin i gCuid 2.4.1.

## 6.3. An Fóram Comhchomhairleach

Meicníocht is ea an Fóram Comhchomhairleach chun faisnéis a mhalartú agus chun eolas a chomhthiomsú idir EASO agus páirtithe leasmhara cuí. Le 4 bliana anuas, tá EASO tar éis a chaidreamh a dhoimhniú leis an tsochaí shibhialta agus tá comhairle lorgtha aige ón tsochaí shibhialta ar théamaí éagsúla. Le linn na bliana 2015, ag teacht le féilire comhairliúcháin EASO 2015, leanfaidh EASO i mbun comhairle le heagraíochtaí cuí ar théamaí sonracha, ag baint úsáide as na critéir roghnúcháin a thugtar i bplean oibríochta an Fhóraim Chomhchomhairligh. Rachaidh EASO i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta freisin le linn na céime dréachtaithe de chlár oibre 2016, den tuarascáil bhliantúil agus de tháirgí eile agus é ag baint úsáide as réimse uirlisí a measadh a bheith oiriúnach agus éifeachtúil go dtí seo.

Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar a ardán ríomhchomhairliúcháin in 2015. Leanfar ag baint úsáide as an Idirlíon mar phríomhbhealach don chomhairliúchán leis an tsochaí shibhialta. Eagrófar gníomhaíochtaí comhairliúcháin sainiúla do ghrúpaí ar leith, amhail comhaltaí binsí agus cúirteanna. Bunaithe ar an taithí ar na himeachtaí in 2012, 2013 agus 2014, eagróidh EASO comhdháil a bheidh oscailte don tsochaí shibhialta agus cruinniú iomlánach sa cheathrú ráithe de 2015.

| Gníomhaíochtaí Fhóram Comhchomhairleach EASO | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir nó cuspóirí EASO** | Glacfaidh EASO páirt in idirphlé dhá bhealach le heagraíochtaí cuí na sochaí sibhialta chun saineolas agus taithí a chomhroinnt. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Rachaidh EASO i gcomhairle le heagraíochtaí cuí na sochaí sibhialta. | R1–R4 | Líon agus cineál na gcomhairliúchán arna ndéanamh;<br>Líon na n-eagraíochtaí a mbeifear ag dul i gcomhairle leo;<br>Líon na n-aighneachtaí a gheofar;<br>Úsáid na n-aighneachtaí a gheofar. |
| Cruinniú iomlánach bliantúil an Fhóraim Chomhchomhairligh a eagrú. | R4 | Cruinniú iomlánach a bheith eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe iomlánaigh. |
| Rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcomhdháil bhliantúil EASO. | R4 | Líon na rannpháirtithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. |
| Ardán ríomhchomhairliúcháin a fhorbairt. | R1–R4 | Líon na gcomhairliúchán arna seoladh ar an ardán ríomh-chomhairliúcháin;<br>Líon na n-aighneachtaí a gheofar;<br>Úsáid na n-aighneachtaí a gheofar. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 3401 Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara<br>EUR 150 000 | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Oifig Feidhmiúcháin<br>0.5 AD, 0.5 CA | |

## 6.4. Cumarsáid

Tógfaidh EASO ar a iarrachtaí cumarsáide poiblí in 2013–14 chun ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na Gníomhaireachta a chur chun cinn, agus é á threorú ag na prionsabail a luaitear ina straitéis chumarsáide. Féachfaidh gníomhaíochtaí cumarsáide EASO freisin le feabhas a chur ar chomhar praiticiúil idir na tíortha AE+. Cuirfear le príomhbhealach cumarsáide EASO, an suíomh gréasáin (http://www.easo.europa.eu) atá aige, le bealaí éagsúla eile chun aird a dhíriú ar **phríomhtheachtaireachtaí** EASO. Is iad sin:

- is é ár misean é tacaíocht a thabhairt;
- an dlúthpháirtíocht a chur i gcleachtas;
- luachanna coiteanna, cáilíocht agus dlúthpháirtíocht;
- ionad saineolais is ea EASO i réimse an tearmainn; agus
- breisluach a sholáthar don AE agus do na tíortha AE+.

Déanfar príomhtheachtaireachtaí EASO a chur in iúl go follasach trí bhealaí éagsúla d'fhonn a chinntiú go mbainfear amach an fhor-rochtain is leithne agus is féidir d'fhonn cur le dlisteanacht na gníomhaireachta. Beidh suíomh gréasáin EASO i gcroílár na n-iarrachtaí cumarsáide. Scrúdóidh EASO bealaí chun a shuíomh gréasáin a fhorbairt agus a nuashonrú a thuilleadh mar thoradh ar aiseolas na n-úsáideoirí agus é ag baint úsáide as an dea-chleachtas atá le sonrú i suíomhanna gréasáin cosúla. Áiríonn na bealaí eile:

- preas scríofa agus closamhairc;
- rannpháirtíocht in imeachtaí (amhail laethanta oscailte an AE, éisteachtaí poiblí agus imeachtaí eile lena n-áirítear ócáidí móra atá tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de);
- léirithe agus taispeántais ar obair agus gníomhaíochtaí EASO;
- foilseacháin agus tuarascálacha;
- nuachtlitir mhíosúil EASO;
- preasráitis; agus
- sleachta preasa laethúla (d'úsáid inmheánach).

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí cumarsáide EASO teagmháil a dhéanamh le gach oifigeach tearmainn agus glactha san tíortha AE+ d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár gcuid príomhtháirgí agus go bhfuil fáil acu orthu, lena n-áirítear foilseacháin agus preasráitis.

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhaíochtaí cumarsáide EASO</th></tr>
<tr><td>Cuspóir nó cuspóirí EASO</td><td colspan="2">Ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na gníomhaireachta a chur in iúl agus a chur chun cinn ag teacht le straitéis chumarsáide EASO.<br>Díreoidh EASO ar an gcúram atá ar an ngníomhaireacht an comhar praiticiúil i measc na dtíortha AE+ ar iliomad gnéithe an tearmainn a éascú, a chomhordú agus a neartú.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2015</td><td colspan="2">Déanfaidh EASO uasghrádú ar a shuíomh gréasáin agus cuirfidh sé tuilleadh feabhais ar a chuid bealaí cumarsáide.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><th>Gníomhaíochtaí EASO in 2015</th><th>Cén uair</th><th>Táscairí</th></tr>
<tr><td>10 n-eagrán ar a laghad de nuachtlitir EASO a eisiúint agus cur le líon na síntiúsóirí.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na n-eagrán de nuachtlitir EASO;<br>Leibhéal sástachta na síntiúsóirí;<br>Céatadán an ardaithe i líon na síntiúsóirí don nuachtlitir.</td></tr>
<tr><td>Cruinniú faisnéise agus líonraithe a eagrú d'iolraitheoirí cumarsáide EASO.</td><td>R3–R4</td><td>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe.</td></tr>
</table>

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2015** | **Cén uair** | **Táscairí** |
| Lá Faisnéise EASO a eagrú. | R2 | Líon na ndeasc faisnéise;<br>Líon na n-oifigeach de chuid EASO a dhéanfaidh cur i láthair;<br>Líon na dtíortha AE+ rannpháirteacha. |
| 10 bpreasráiteas ar a laghad a eisiúint. | R1–R4 | Líon na bpreasráiteas;<br>Úsáid na bpreasráiteas. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chlúdach preasa EASO agus na hailt is tábhachtaí a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin. | R1–R4 | Líon na n-alt san áireamh sa chartlann phreasa;<br>Líon na n-alt arna bhfoilsiú ar an suíomh gréasáin. |
| Eisiúint sleachta preasa laethúla inmheánacha. | R1–R4 | Líon na sleachta preasa laethúla inmheánacha;<br>Leibhéal sástachta na léitheoirí. |
| 6 agallamh ardleibhéil ar a laghad a chur ar bun le lucht preasa. | R1–R4 | Líon na n-agallamh ardleibhéil leis an lucht preasa. |
| Comhordú a dhéanamh ar fhoilseacháin agus aistriúcháin EASO agus an caighdeán is airde a áirithiú ina dtaobh. | R1–R4 | Líon na bhfoilseachán agus na n-aistriúchán;<br>Úsáid fhoilseacháin EASO;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. |
| A chinntiú go gcuirfear aitheantas físe EASO chun feidhme go hiomlán. | R1–R4 | Úsáid aitheantas físe EASO. |
| Cur le líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO. | R1–R4 | Céatadán an ardaithe i líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO. |
| A chinntiú go dtabharfar freagraí tráthúla ar fhiosruithe a fhaightear ón bpobal agus ón lucht preasa. | R1–R4 | An fráma ama ina dtabharfar freagraí ar fhiosruithe;<br>Úsáid na bhfreagraí. |
| Bainistíocht éifeachtúil ar bhosca poist eolais EASO. | R1–R4 | Líon na n-iarratas agus na bhfreagraí;<br>An fráma ama ina dtabharfar freagra ar iarratais;<br>Úsáid bhosca poist eolais EASO. |
| **Líne buiséid agus méid leithdháilte** | 2309 Costais riaracháin um aistriúchán agus um ateangaireacht: EUR 470 000;<br>2310 Foilseacháin riaracháin: EUR 40 000;<br>2311 Cumarsáid: EUR 80 000. | |
| **Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte** | An Oifig Feidhmiúcháin<br>1 AD | |

## 6.5. Riarachán EASO

Maidir le struchtúr riaracháin EASO, leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag saothrú a príomhchuspóir, is é sin seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh d'fhonn a misean agus a cuid cuspóirí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Go háirithe, leanfaidh an tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin ar aghaidh ag measúnú riachtanais riaracháin dhomhanda EASO, ag moladh sainmhínithe ina leith agus ag freastal orthu, agus comhlíonadh agus bainistíocht riosca á n-áirithiú, ag teacht le beartais, rialacha agus rialacháin. Leanfar ar aghaidh ag cumadh beartas agus treoirlínte, rud a chuideoidh le sruthlíniú éifeachtacht na seirbhísí agus na seachadtaí ar bhonn an dea-chleachtais, na gceachtanna a foghlaimíodh, measúnuithe agus moltaí. Thairis sin, cuirfidh an lucht riaracháin ar fáil an tacaíocht a bhfuil gá léi maidir le cur chun feidhme socruithe agus ranníocaíochtaí le páirtithe leasmhara ábhartha EASO.

Féadfar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eagraíocht EASO ag teacht le cur chun feidhme an chur chuige chomhchoitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe AE agus a threochlár, le torthaí na measúnuithe inmheánacha agus seachtracha ar EASO agus na n-iniúchtaí arna gcur i gcrích ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Forálann EASO i gcomhair na bliana 2015 d'infheistíocht d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar nósanna imeachta inmheánacha éifeachtacha, chun cur le rialuithe inmheánacha na heagraíochta ag teacht leis na caighdeáin cialála inmheánaí a glacadh in 2012, chun ardoiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne ar gach ábhar a bhaineann le EASO, rud a chuirfidh le tógáil acmhainne agus le forbairt gairme, chun leanúint ar aghaidh leis na próisis earcaíochta agus chun tacú leis na haonaid/lárionaid oibriúcháin.

Díreofar go háirithe ar chórais TF agus bainistíochta eolais EASO, d'fhonn treisiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tacaíochta EASO do thíortha AE+, lena n-áirítear trí ardán oiliúna EASO, an tairseach COI, an Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta agus suíomh gréasáin EASO. Ina theannta sin, déanfar ard-uirlisí comhairliúcháin a fhorbairt. Chomh maith leis sin, déanfar tuilleadh comhdhlúthaithe ar an leanúnachas gnó TFC agus an bonneagar TFC a chothú, mar aon le feabhas ar na réimsí sin. Leanfaidh TF EASO próiseas bainistíochta athruithe EASO, agus soláthrófar tacaíocht roimh ré maidir le feabhsuithe agus tagarmharcáil. In 2015, déanfar roinnt mhaith tástálacha ar chórais bhunaithe, á chinntiú go bhfuil córais aisghabhála agus bainistiú teagmhas slándála i bhfeidhm go hiomlán agus curtha chun feidhme go leanúnach leis an gcáilíocht is gá.

In 2015, táthar ag súil an Beartas Bainistíochta Taifead agus an Sceideal Coinneála maidir le cáipéisí EASO a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áireofar úsáid a bhaint as uirlisí bogearraí TF leordhóthanacha. Ar deireadh, in 2015 cothóidh EASO a chuid nósanna imeachta inmheánacha ar chosaint sonraí i gcomhar níos dlúithe leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

### 6.5.1. Forbhreathnú foirne agus buiséid EASO do 2015 ([6])

Tá comhlíonadh chuspóirí EASO faoi réir na n-acmhainní daonna, airgeadais agus ábhartha a bhfuil gá leo a bheith ar fáil, mar a chinnfidh an tÚdarás Buiséadach. Dá réir sin, déantar na figiúirí atá san áireamh san fhorléargas ar an bhfoireann agus an mbuiséad anseo thíos a imlíniú gan dochar do chinntí an údaráis bhuiséadaigh maidir leis na buiséid bhliantúla agus na cairteacha foirne bliantúla faoi seach.

#### *6.5.1.1. Forbhreathnú foirne do 2015*

I bhfianaise a mhisean agus na cúraimí atá air, eagraíocht is ea EASO óna dteastaíonn a lán acmhainní daonna, toisc go gcuireann sé comhar praiticiúil chun cinn agus go soláthraíonn sé saineolas don AE agus do thíortha AE+ d'fhonn tacú le cur chun feidhme an CEAS agus le tuilleadh forbartha air.

Mar sin, ba chóir go dtiocfadh méadú ar acmhainní daonna EASO sa tréimhse 2015 ionas go mbeidh sé in ann comhlíonadh éifeachtach a dhéanamh ar na cúraimí a cuireadh air sa chéad áit, na cúraimí nua a cuireadh air san *acquis* athmhúnlaithe maidir le tearmann (e.g. an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta faoi Airteagal 33 de mheicníocht Rialachán Bhaile Átha Cliath), agus na cúraimí a mheastar a bheidh le comhlíonadh amach anseo, arna gcinneadh ag Institiúidí AE in 2015.

---

([6]) Na figiúirí uile a bhaineann leis an bhfoireann agus leis na leithreasuithe sa chuid seo, tá siad faoi réir ag glacadh bhuiséad ginearálta AE 2015 ag an Údarás Buiséadach.

I nDréachtbhuiséad Ginearálta AE atá curtha faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh ag an gCoimisiún Eorpach, moltar go gcoinneoidh EASO in 2014 86 ball foirne san iomlán (51 Gníomhaire Sealadacha, 23 Gníomhaire ar Conradh agus 12 Shaineolaí Náisiúnta ar Iasacht) ([7]). Dáilfear an leithdháileadh in aghaidh an aonaid mar seo a leanas ([8]):

| Aonad | Baill Foirne |
|---|---|
| **Stiúrthóir Feidhmiúcháin** | 1 |
| **An Oifig Feidhmiúcháin** | 6 |
| **Cuntasaíocht** | 2 |
| **An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta** | 13 |
| **An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse** | 20 |
| **An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais** | 15 |
| **An tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin** | 29 |
| **Iomlán na mball foirne** | **86** |

Ag teacht le prionsabail an bhuiséadaithe ar bhonn acmhainní, tá nasc tugtha isteach ag EASO idir gníomhaíochtaí arna ngrúpáil faoi na cuspóirí céanna agus na hacmhainní a bhfuil gá leo chun iad a chur chun feidhme, maidir le leithreasaí agus maidir le baill foirne araon. Na figiúirí um baill foirne atá leithdháilte do chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi Chuid 2 go Cuid 5, ní léirítear iontu ach na baill foirne arna sannadh do na haonaid oibriúcháin. Cé go mbíonn baint dhíreach agus baint indíreach ag baill foirne na hOifige Feidhmiúcháin, baill foirne Chuntasaíochta, agus baill foirne an Aonaid Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí oibriúcháin, ní dhéantar an leithdháileadh orthu a roinnt de réir gníomhaíochtaí nithiúla ach amháin má tá sé sin ráite go sonrach.

Ag teacht leis na rialacháin foirne agus na rialacha cur chun feidhme a ghlac an Ghníomhaireacht in 2014, déanfar tuilleadh cur chun feidhme ar bheartais forbartha foirne chun tógáil acmhainne leordhóthanach a áirithiú, mar aon le deiseanna nua do bhaill foirne EASO.

#### *6.5.1.2. Forbhreathnú buiséid do 2015*

Tá ioncam EASO comhdhéanta de ranníocaíocht ón AE arna hiontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh; aon ranníocaíocht dheonach ó na tíortha AE+; muirir ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhís a chuireann EASO ar fáil; agus ranníocaíocht ó na tíortha comhlacha.

Mar gheall ar ábharthacht fhóirdheontas AE laistigh de bhuiséad EASO, is ríthábhachtach é leithdháileadh na n-acmhainní riachtanacha d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach i gclár oibre EASO 2015 a bhaint amach.

Agus aitheantas á thabhairt aige do na srianta atá in AE ó thaobh acmhainní, iarrfaidh EASO ioncam ar bhealach slán, cothrom agus déanfaidh sé cinnte go mbeidh an caiteachas á rialú go stuama, d'fhonn cúraimí reatha agus cúraimí nua amach anseo a chomhlíonadh go héifeachtach agus go caoithiúil. Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chur chuige ó bhonn maidir le buiséadú, agus beidh gach Aonad/Lárionad i dtimthriall buiséadach EASO páirteach ann. Is ionann caiteachas iomlán ionchais na bliana 2015 agus thart ar EUR 15.7 milliún, lena n-áirítear ranníocaíocht EUR 14 731 milliún an Aontais Eorpaigh le EASO i gcomhair na bliana 2015 de réir Dréachtbhuiséad Ginearálta AE atá curtha faoi bhráid an Údaráis Bhuiséidigh ag an gCoimisiún Eorpach, an ranníocaíocht ó na tíortha comhlacha atá

([7]) Ní áirítear leis an bhfigiúr sin na triúr ball foirne ar conradh ar fhostaigh EASO iad i gcomhair chur chun feidhme an tionscadail 18 mí ENP "*Promoting the participation of Jordan in the work of EASO as well as the participation of Tunisia and Morocco in the work of EASO and Frontex*" [Ag cur chun cinn rannpháirtíocht na hIordáine in obair EASO mar aon le rannpháirtíocht na Túinéise agus Mharacó in obair EASO agus Frontex], ar cuireadh tús leis in 2014.

([8]) Cinnfear leithdháileadh cruinn na foirne in aghaidh an lárionaid nuair a bheidh buiséad ginearálta EASO 2015 agus plean bunaithe EASO cinnte ag an údarás buiséadach.

rannpháirteach in EASO (thart ar EUR 627 000) ([9]) agus an ranníocaíocht maidir le cur chun feidhme an tionscadail ENP dar teideal *Promoting the participation of Jordan in the work of EASO as well as the participation of Tunisia and Morocco in the work of EASO and Frontex* [Ag cur chun cinn rannpháirtíocht na hIordáine in obair EASO mar aon le rannpháirtíocht na Túinéise agus Mharacó in obair EASO agus Frontex] (EUR 322 681).

Tá an dáileadh seo a leanas de réir Teideal sna dréachtmheastacháin ar chaiteachas don bhliain 2015:

| Caiteachas 2015 / Figiúirí in EUR | Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí | Leithreasaí íocaíochta |
|---|---|---|
| **Teideal 1 — Caiteachas foirne** | 6 500 000 | 6 500 000 |
| **Teideal 2 — Caiteachas infreastruchtúir agus oibriúcháin** | 2 680 000 | 2 680 000 |
| **Teideal 3 — Caiteachas oibríochta** | 6 178 000 | 6 178 000 |
| **Teideal 4 — Rannpháirtíocht na dTíortha ENP san obair a dhéanann EASO** | 322 681 | 322 681 |
| **Caiteachas iomlán** | **15 680 681** | **15 680 681** |

### Teideal 1: Caiteachas foirne

Baineann Teideal 1 le caiteachas ar an bhfoireann, ar chostais foirne (m.sh. costais na misean, costais oiliúna) agus ar thuarastail. I bhfianaise chineál ghníomhaíochtaí EASO, tá costais áirithe a bhaineann le hoibríochtaí le fáil faoi Theideal 1. Clúdaítear faoi Theideal 1 costais d'fhoireann oibríochta agus costais d'fhoireann riaracháin, a éascaíonn oibríochtaí EASO, amhail foirne tacaíochta tearmainn, cruinnithe saineolaithe agus oiliúint. Clúdaítear faoi Theideal 1 freisin na costais a bhaineann le misin riaracháin, áit a bhfuil costais mhisin bhaill foirne EASO a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí EASO clúdaithe faoi Theideal 3.

### Teideal 2: Caiteachais bhonneagair agus riaracháin

Baineann Teideal 2 le caiteachas ar chostais riaracháin le haghaidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Foirgnimh ar cíos agus costais bhainteacha: EUR 945 000.
- TFC: EUR 433 000. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach n-áiríonn Teideal 2 caiteachais oibríochtúla TF ar nós costas tairsí gréasáin, atá mar chuid den chaiteachas faoi Theideal 3.
- Cruinnithe Bhord Bainistíochta EASO agus cruinnithe eile: EUR 200 000; ba chóir a thabhairt chun suntais go gclúdaítear faoi Theideal 2 na costais maidir le foilseacháin chorparáideacha agus cumarsáid chorparáideach, ach nach n-áirítear leis na costais maidir le tuarascálacha a fhoilsiú faoi na gníomhaíochtaí oibríochta éagsúla, m.sh. an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE agus na tuarascálacha COI lena gcuimsítear an caiteachas faoi Theideal 3.

### Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar an dréachtbhuiséad sannta faoi Theideal 3 do na cúraimí difriúla, a mínítear an caiteachas ina leith go mionsonraithe sna caibidlí roimhe seo. Clúdaítear faoi Theideal 3 freisin na misin oibríochtúla arna ndéanamh ag baill foirne EASO (i.e. misin a dtugtar fúthu mar thacaíocht dhíreach do ghníomhaíochtaí oibríochtúla arna sainaithint sa chlár oibre seo ag teacht le sainchúram EASO) mar aon le gach costas a bhaineann go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí oibríochtúla (e.g. dáileadh ábhar, iompar, lónadóireacht, ionaid a fháil ar cíos i gcomhair gníomhaíochtaí lasmuigh d'áitreabh EASO, nó trealamh teicniúil).

([9]) I bhfeidhmiú na socruithe maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua in obair EASO, cuirfidh an Iorua ar fáil suim bhliantúil arna ríomh de réir a hOlltáirgeacht Intíre (OTI) mar chéatadán de OTI na mBallstát rannpháirteach ar fad. Beidh na figiúirí críochnaitheacha maidir le OTI na hIorua ar fáil ar 31 Márta 2015. Tá EASO ag súil le teacht i bhfeidhm socruithe leis an Eilvéis, Lichtinstéin agus an Íoslainn, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an ioncam a fhaigheann EASO.

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal 3 ([10])** | **Caiteachais oibríochtúla** | **6 178 000** |
| **Caib. 31** | **Tacaíocht do chur chun feidhme an CEAS** | **680 000** |
| **3101** | Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | 130 000 |
| **3102** | Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | 300 000 |
| **3103** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta | 250 000 |
| **Caib. 32** | **Tacaíocht do chomhar praiticiúil na mBallstát** | **3 057 000** |
| **3201** | Oiliúint EASO | 1 390 000 |
| **3202** | Próisis cháilíochta ([11]) | 450 000 |
| **3203** | Faisnéis na tíre tionscnaimh | 717 000 |
| **3204** | Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach | 500 000 |
| **Caib. 33** | **Tacaíocht do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu** | **2 291 000** |
| **3301** | Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu | 250 000 |
| **3302** | Tacaíocht éigeandála | 2 041 000 |
| **Caib. 34** | **Comhoibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara** | **150 000** |
| **3401** | Comhoibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | 150 000 |

([10]) Lena n-áirítear misin oibríochtúla arna ndéanamh ag baill foirne EASO.

([11]) Lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha agus gáinneáil ar dhaoine.

**Teideal 4: Rannpháirtíocht na dtíortha ENP san obair a dhéanann EASO**

Clúdófar faoi Theideal 4 an caiteachas do chur chun feidhme an tionscadail dar teideal *Promoting the participation of Jordan in the work of EASO as well as the participation of Tunisia and Morocco in the work of EASO and Frontex*. Freagraíonn an ghníomhaíocht sin do chláir arna maoiniú ag conarthaí curtha in áirithe.

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal 4** | **Rannpháirtíocht na dtíortha ENP san obair a dhéanann EASO** | **322 681** |
| **Caib. 41** | **Rannpháirtíocht na dtíortha ENP san obair a dhéanann EASO** | **322 681** |
| **4101** | Comhoibriú na dtíortha ENP le EASO (curtha in áirithe) | 322 681 |

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AEAJ** | Cumann Bhreithiúna Riaracháin na hEorpa |
| **APD** | An Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn |
| **AST** | Foireann Tacaíochta Tearmainn |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CEPOL** | An Coláiste Eorpach Póilíneachta |
| **CGB** | Ceartas agus Gnóthaí Baile |
| **COI** | Faisnéis na Tíre Tionscnaimh |
| **DIT** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **EASO** | An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn |
| **EIGE** | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne |
| **EMCDDA** | An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **ENPI** | An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh |
| **EPS** | An Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais |
| **EUROJUST** | Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhar Breithiúnach |
| **EUROPOL** | An Oifig Eorpach Póilíní |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh |
| **GDISC** | Comhdháil Stiúrthóirí Ginearálta na Seirbhíse Inimirce |
| **GIS** | Córas Faisnéise Geografaí |
| **GPS** | An Grúpa um Sholáthar Staidrimh |
| **IALN** | An Líonra Dlíthiúil Idir-Ghníomhaireachta |
| **IARLJ** | Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **IGC** | Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **MFF** | Creat Airgeadais Ilbhliantúil |
| **MSPP** | Plean Beartais Foirne Ilbhliantúil |

| | |
|---|---|
| **NCP** | Pointe Teagmhála Náisiúnta |
| **OLAF** | An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise |
| **RDPPanna** | Cláir um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach |
| **SMART** | Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Réalaíoch agus faoi Cheangal Ama |
| **THB** | Gáinneáil ar Dhaoine |
| **UNHCR** | Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# Iarscríbhinní

## Liosta táscach EASO na gconarthaí poiblí agus na ngealltanas dlíthiúil in 2015

| Gníomhaíocht oibríochtúil | Gníomh mar atá sainithe sa Phlean Oibre | Ábhar an chonartha | Luach an chonartha | Cineál an chonartha | Nós imeachta soláthair/ Conraitheoir-eachta | Fráma ama don seoladh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhoibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | Cuid 8.3 | Eagrú imeachtaí agus seirbhísí gaolmhara don Fhóram Comhchomhairleach | EUR 150 000 | Conarthaí sainiúla i gcomhair seirbhísí | Creatchonarthaí | R3 |
| Oiliúint EASO | Cuid 2.1 | Bunachar sonraí oiliúna a fhorbairt | EUR 100 000 | Creatchonradh nó conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta oscailte | R2 |
| Oiliúint EASO | Cuid 2.1 | Uasghrádú ar chóras an ardáin oiliúna atá ann cheana féin | EUR 150 000 | Creatchonradh nó conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta oscailte | R4 |
| Oiliúint EASO | Cuid 2.1 | Taighde Measúnachta Tionchair maidir le Curaclam Oiliúna EASO | EUR 100 000 | Creatchonradh nó conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta oscailte | R4 |
| Tacaíocht cháilíochta | Cuid 2.2 | Comhairleoireacht chun tacú le próiseas teistiúcháin oiliúna EASO | EUR 60 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Tacaíocht cháilíochta | Cuid 2.2 | Comhairleacht maidir le Creat Cáilíochtaí Earnála a fhorbairt | EUR 15 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí | Cuid 2.4.1 | Seirbhís saineolaithe do Chomhdháil Chomhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí | EUR 10 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí | Cuid 2.4.1 | Socruithe eagrúcháin do Chomhdháil Chomhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí | EUR 5 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Liosta na dteangacha a bhfuil fáil orthu | Cuid 2.5 | Réitigh teicniúla um Liosta na dTeangacha a bhfuil Fáil Orthu | EUR 30 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R3 |
| An Díorma um Idirghabháil Tearmainn | Cuid 3.1 | Lámhleabhair a ullmhú i gcomhair tacaíocht oibríochta | EUR 60 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R1 |
| An Díorma um Idirghabháil Tearmainn | Cuid 3.1 | Lámhleabhair a chur i gcló i gcomhair tacaíocht oibríochta | EUR 25 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R3 |

| Gníomhaíocht oibríochtúil | Gníomh mar atá sainithe sa Phlean Oibre | Ábhar an chonartha | Luach an chonartha | Cineál an chonartha | Nós imeachta soláthair/ Conraitheoir-eachta | Fráma ama don seoladh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Díorma um Idirghabháil Tearmainn | Cuid 3.1 | Seirbhís chun córas imlonnaithe do shaineolaithe na dtíortha AE+ a fhorbairt agus a chur chun feidhme | EUR 60 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R1 |
| Tacaíocht oibríochta (Tacaíocht shaincheaptha / speisialta) | Cuid 3.2 | Seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin | EUR 60 000 | Creatchonarthaí i gcomhair seirbhísí/ conarthaí díreacha | Nósanna imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R1 |
| Tacaíochta oibríochta (Tacaíocht éigeandála) | Cuid 3.2 | Trealamh tacaíochta éigeandála a sholáthar | EUR 100 000 | Creatchonarthaí i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta oscailte | R2 |
| Tacaíochta oibríochta (Tacaíocht éigeandála) | Cuid 3.2 | Córas bainistíochta cáilíochta a fhorbairt | EUR 15 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Tacaíochta oibríochta (Tacaíocht éigeandála) | Cuid 3.2 | Treoirphlean réime/ éigeandála (bogearraí) a chruthú | EUR 60 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Faisnéis na Tíre Tionscnaimh | Cuid 3.3 | Seirbhísí cothabhála, óstála agus forbartha TF don tairseach COI | EUR 150 000 | Conarthaí sainiúla i gcomhair seirbhísí | Creatchonarthaí EASO | R2 |
| Comhphróiseáil | Cuid 3.4 | Measúnú ar na treoirchleachtais chomhphróiseála | EUR 20 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| Comhphróiseáil | Cuid 3.4 | Lámhleabhar faoin gcomhphróiseáil (eagarthóireacht agus cur i gcló) | EUR 20 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R3 |
| Comhphróiseáil | Cuid 3.4 | Saineolas agus cleachtais chomhphróiseála na dtíortha AE+ a bhailiú agus a chomhdhlúthú | EUR 15 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |
| IDS | Cuid 4.1 | Forbairt bogearraí agus ceadúnais | EUR 50 000 | Conarthaí sainiúla i gcomhair seirbhísí | Creatchonradh i gcomhair TCF | R1-4 |
| Luathrabhadh agus ullmhacht | Cuid 4.3 | Ceadúnais bhogearraí agus oiliúint/cothabháil | EUR 100 000 | Conarthaí sainiúla i gcomhair soláthairtí | Creatchonradh an Choimisiúin Eorpaigh | R1 |
| An ghné sheachtrach | Cuid 5.1 | Measúnú riachtanas ar bhreisluach EASO i ngníomhaíochtaí gné seachtraí i dtríú tíortha sprice | EUR 15 000 | Conradh díreach i gcomhair seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta íseal-luacha | R2 |

# Foilseacháin agus aistriúcháin EASO in 2015

| Foilseachán | | Líon na dteangacha |
|---|---|---|
| 1 | Clár oibre EASO 2016 | 24 |
| 2 | Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO | 24 |
| 3 | Buiséad EASO | 24 |
| 4 | Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE | 5 |
| 5 | 2 Lámhleabhar Oiliúna EASO | 1 |
| 6 | Bróisiúr Oiliúna EASO | 22 |
| 7 | Lámhleabhar/treoir UAM EASO | 5 |
| 8 | 3 Uirlis Cháilíochta EASO | 5 |
| 9 | 3 Thuarascáil théamacha um maitrís cháilíochta EASO | 1 |
| 10 | Caibidlí den churaclam i gcomhair chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí | 5 |
| 11 | 3 Thuarascáil nó tháirge COI ar a laghad | 5 |

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);

- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:

ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm) nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí guth// ..., óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Síntiúis a bhfuil praghas orthu:**

- ó dháileoirí tráchtála de chuid Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

BZ-AC-14-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9243-291-1
doi:10.2847/33776